

# Droichead
Treoir le haghaidh Scoileanna

2015/2016

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Droichead

Treoir le haghaidh Scoileanna 2015/2016

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Clár an Ábhair

**Gluais téarmaí** 5

**Liosta acrainmneacha** 6

**Réamhrá** 7

**1 Eolas faoi Droichead** 8

**2 Critéir Droichead** 9

2.1 Cad iad na critéir atá le comhlíonadh ag an múinteoir nuacháilithe (MNC)? 9

2.2 Táscairí Dea-chleachtais 10

**3 An Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla** 11

3.1 Cad is an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) ann? 11

3.2 An gá FTG a bhunú chun próiseas Droichead a éascú i scoil? 11

3.3 Cé hiad baill an FTG? 11

3.4 Conas a bhunaítear FTG? 11

3.5 Conas a fheidhmeoidh FTGanna idirscoile? 12

3.6 An féidir le múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile a bheith ar FTG le chéile? 12

3.7 An féidir le múinteoirí ó scoileanna nach bhfuil gar dá chéile a bheith ar FTG le chéile? 12

3.8 Cad é an t-eolas agus cad iad na scileanna agus na hinniúlachtaí atá ag teastáil ó bhaill FTG? 12

3.9 Conas is féidir FTG a bhunú i gcomhthéacs scoil bheag? 12

3.10 Cad é ról an mheantóra ar FTG agus cén t-ionchur a bheidh aige nó aici i ndáil leis an moladh a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta? 12

3.11 An féidir le múinteoir aonair moladh i ndáil le MNC a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta gan dul i gcomhairle le comhghleacaithe eile? 13

3.12 Más mian le scoil ball seachtrach a bheith ar a FTG, cad ba chóir di a dhéanamh? 13

3.13 Cén tacaíocht a chuirtear ar fáil do phríomhoidí teagaisc chun cur ar a gcumas a bheith páirteach in FTG? 13

3.14 An bhfuil aon dreasachtaí ann chun múinteoirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i FTG? Cén t-aitheantas a thabharfar dá gcuid oibre? 13

**4 Suíomhanna inar féidir Droichead a dhéanamh** 15

4.1 Cad iad na suíomhanna inar féidir le múinteoir bunscoile nuacháilithe páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead? 15

4.2 Cad iad na suíomhanna inar féidir le múinteoir iarbhunscoile nuacháilithe páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead? 15

4.3 Má éiríonn le MNC próiseas Droichead a chríochnú i suíomh teoranta, an mbainfear an coinníoll dá chlárú nó dá clárú i ndáil le suíomhanna príomhshrutha? 16

4.4 An gá don MNC an riachtanas maidir le cleachtadh gairmiúil a chomhlíonadh trí na hábhair a bhfuil sé nó sí cláraithe dóibh, agus na hábhair sin amháin, a mhúineadh? 16

4.5 An féidir le múinteoir páirt a ghlacadh in Droichead má bhíonn sé nó sí ag obair ar bhonn deonach? 16

**5 Ag tacú leis an múinteoir nuacháilithe** 17

5.1 Conas is féidir le FTG agus scoil tacaíocht éifeachtach a thabhairt do MNC le linn phróiseas Droichead? 17

5.2 An gá do bhaill FTG imscrúdú a dhéanamh ar ullmhúchán agus ar phleanáil MNC nuair a bhíonn siad ag tacú le MNC? 17

5.3 Cad is brí leis an téarma ‘comhráite gairmiúla’? 17

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 5.4 | Cad iad na tacaí eile atá ar fáil do na MNCanna atá ag tabhairt faoi phróiseas Droichead? | 17 |
| | 5.5 | Más rud é go bhfuil MNC faoi mhíchumas, cad is gá do scoil a dhéanamh chun freastal air nó uirthi? | 18 |
| **6** | **Breathnóireacht, aiseolas agus machnamh** | | **19** |
| | 6.1 | Cé mhéad uair ar chóir breathnóireacht a dhéanamh ar chleachtadh MNC le linn phróiseas Droichead? | 19 |
| | 6.2 | Ar cheart do bhall FTG cloí le formáid ar leith le linn dó nó di breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoireacht MNC? | 19 |
| | 6.3 | Cad ba chóir a bheith mar fhócas na breathnóireachta? | 20 |
| | 6.4 | Cén cineál aiseolais ar chóir don FTG a sholáthar don MNC? | 20 |
| | 6.5 | An gcuirtear tacaíocht ar fáil do bhaill FTG chun cabhrú leo na scileanna a fhorbairt atá ag teastáil le haghaidh breathnóireachta agus aiseolais? | 20 |
| | 6.6 | Cé mhéad uair ar chóir do MNC breathnóireacht a dhéanamh ar chleachtadh múinteoirí eile mar chuid de phróiseas Droichead? | 20 |
| | 6.7 | Cad í an phunann d'fhoghlaim ghairmiúil? | 20 |
| | 6.8 | Cé dó nó di a scríobhtar an phunann d'fhorbairt ghairmiúil? | 21 |
| | 6.9 | Conas a thacaíonn an phunann d'fhorbairt ghairmiúil le machnamh? | 21 |
| **7** | **Taifead ar phróiseas Droichead a chothabháil** | | **22** |
| | 7.1 | Cén taifead a mbeifear ag súil leis an MNC a choinneáil i ndáil lena eispéireas nó lena heispéireas? | 22 |
| | 7.2 | Cén taifead a mbeifear ag súil leis an FTG a choinneáil i ndáil le Droichead? | 22 |
| | 7.3 | Cé chomh fada ar chóir do scoil taifid i ndáil le próiseas Droichead a choinneáil? | 22 |
| **8** | **Comhleanúnachas a chinntiú** | | **23** |
| | 8.1 | Cad iad na próisis dearbhaithe cáilíochta atá i bhfeidhm? | 23 |
| **9** | **Próiseas Droichead a thabhairt chun críche** | | **24** |
| | 9.1 | Cathain a thagann próiseas Droichead chun críche? | 24 |
| | 9.2 | Cad a tharlaíonn ag deireadh phróiseas Droichead? | 24 |
| | 9.3 | Cén fhoirm ar chóir a úsáid chun moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta? | 24 |
| | 9.4 | Cathain ba chóir Foirm A a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta? | 24 |
| | 9.5 | An féidir le múinteoir aonair moladh i ndáil le MNC a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta gan dul i gcomhairle le comhghleacaithe eile? | 24 |
| | 9.6 | Cad iad na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar phróiseas Droichead? | 25 |
| | 9.7 | An dtiocfaidh an tacaíocht agus an bhreathnóireacht chun deiridh nuair a bheidh Foirm A comhlánaithe agus nuair a bheidh moladh déanta gur chóir MNC a chlárú go hiomlán? | 25 |
| | 9.8 | Cad a dhéanfaidh FTG mura bhfuil sí cinnte go bhfuil ar a cumas moladh a chur faoi bhráid na Comhairle? | 25 |
| | 9.9 | Cad a tharlóidh más dóigh le FTG go bhfuil am breise ag teastáil ó MNC? | 26 |
| **10** | **Gearáin agus achomhairc** | | **27** |
| | 10.1 | Cad iad na sásraí gearán atá ar fáil? | 27 |
| | 10.2 | Cad iad na sásraí achomharc atá ar fáil? | 27 |
| **11** | **Ról na Cigireachta maidir le Droichead** | | **28** |
| | 11.1 | Cén ról a bhíonn ag an gCigireacht maidir le Droichead? | 28 |
| | 11.2 | Conas is féidir ionchur a iarraidh ón gCigireacht? | 28 |

| | | |
|---|---|---|
| **12** | **An clár píolótach** | **29** |
| 12.1 | Conas a ghlacfaidh scoil páirt in Droichead? | 29 |
| 12.2 | Cad a tharlaíonn má bhíonn spéis ag scoil ach nach bhfuil a fhios aici go fóill an mbeidh MNC aici i mbliana? | 29 |
| 12.3 | Cad é an spriocdháta do scoileanna ar mian leo páirt a ghlacadh sa chlár píolótach? | 29 |
| 12.4 | Conas a roghnaítear scoileanna? | 29 |
| 12.5 | An dtabharfar aitheantas ar bith do scoileanna a ghlacann páirt sa chlár? | 29 |
| 12.6 | Conas a dhéanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an méid a fhoghlaimeofar ón gclár píolótach a thaifeadadh? | 30 |
| 12.7 | Cén leibhéal caidrimh a bheidh idir scoileanna agus an taighdeoir (na taighdeoirí) a ceapadh chun meastóireacht a dhéanamh ar an gclár píolótach? | 30 |
| **13** | **Ag tacú le scoileanna píolótacha** | **31** |
| 13.1 | Cad iad na tacaí atá ar fáil do scoileanna píolótacha? | 31 |
| 13.2 | Conas is féidir an sparánacht taighde a úsáid? | 31 |
| 13.3 | An gcuirtear tráth scaoilte ar fáil do scoileanna? | 31 |
| 13.4 | Cén tacaíocht scoilbhunaithe a chuirfidh an CNIM ar fáil? | 31 |
| **14** | **Cnuasaigh** | **32** |
| 14.1 | Cad is cuspóir do na cruinnithe cnuasaigh? | 32 |
| 14.2 | Cá mbíonn cruinnithe cnuasaigh ar siúl? | 32 |
| 14.3 | Cathain a bhíonn cruinnithe cnuasaigh ar siúl? | 32 |
| 14.4 | Cé hiad na daoine a fhéadfaidh freastal ar chruinnithe cnuasaigh? | 32 |
| 14.5 | Cén duine atá mar chathaoirleach ar na cruinnithe cnuasaigh? | 32 |
| **15** | **Droichead: Na Chéad Chéimeanna** | **33** |

| | | |
|---|---|---|
| Aguisín A | **Foirm A - Fógra gur comhlíonadh coinníoll Droichead** | **34** |
| Aguisín B | **Foirm chláraithe mar Scoil Droichead** | **38** |
| Aguisín C | **Liosta táscach de ghníomhaíochtaí ionduchtúcháin** | **39** |
| Aguisín D | **Pointí Tábhachtacha eolais i ndáil le Droichead** | **40** |

# Gluais téarmaí

### Comhlach

Is é is comhlach ann múinteoir cleachtach atá cláraithe go hiomlán, ar meantóir a bhfuil taithí aige nó aici nó éascaitheoir ceardlann ionduchtúcháin é nó í freisin atá ainmnithe ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí chun tacú le próiseas Droichead i scoileanna.

### Ionad Oideachais

Is é atá i gceist le hIonad Oideachais ná áit, seachas scoil nó áit a chuireann oideachas ollscoile nó tríú leibhéal ar fáil, ina ndéantar oideachas aosach nó oideachas leantach nó gairmoideachas nó gairmoiliúint a sholáthar agus atá ceaptha chun na críche sin. Ó am go ham féadfaidh an tAire áit a cheapadh le bheith mar Ionad Oideachais (An tAcht Oideachais, 1998).

### Leanúntas in oideachas múinteoirí

Baineann an coincheap seo leis na gníomhaíochtaí oideachais agus forbartha, idir gníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, a nglacfaidh múinteoirí páirt iontu le linn ghairmréim an mhúinteora ina gcáil mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil. Cuimsíonn sé oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú, forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach, agus, gan amhras, tacaíocht níos déanaí sa ghairmréim.

### Droichead

Is ionann Droichead agus tréimhse de chleachtadh gairmiúil tacaithe, atá ina gné lárnach de shamhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh atá á cur i bhfeidhm i roinnt scoileanna ar bhonn píolótach. Nuair a bheidh próiseas Droichead críochnaithe go sásúil ag múinteoirí nuacháilithe, dearbhóidh a gcuid comhghairmithe gur éirigh leo critéir áirithe a chomhlíonadh agus bainfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an coinníoll a bhaineann le Droichead dá gclárú.

### Suíomhanna incháilithe

Is féidir le múinteoir bunscoile nuacháilithe páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead má tá sé nó sí fostaithe go buan, go sealadach nó mar mhúinteoir ionaid in aon cheann de na poist seo a leanas:

- múinteoir ranga príomhshrutha
- múinteoir ranga speisialta i scoil phríomhshrutha
- múinteoir i scoil speisialta nó scoil ospidéil
- múinteoir acmhainne lánaimseartha a bhíonn ag múineadh daltaí faoi mhíchumas íosmhinicíochta (arna shainiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna).

Is féidir le múinteoir iarbhunscoile nuacháilithe páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead má tá sé nó sí fostaithe go buan, go sealadach nó mar mhúinteoir ionaid i suíomh atá incháilithe de réir na Comhairle Múinteoireachta, mar seo a leanas:

- iarbhunscoil aitheanta
- scoil speisialta má tá roinnt de na mic léinn atá ag freastal uirthi in aois iarbhunscoile agus má tá múinteoir ag múineadh ábhair (ábhar) a bhaineann leis an gcuraclam iarbhunscoile do na mic léinn sin, nó
- Ionad Oideachais ina múintear ábhair churaclaim iarbhunscoile do dhaoine lena n-ullmhú do scrúduithe Stáit.

### Clár Iondúchtúcháin

Is clár foghlama solúbtha é an Clár Ionduchtúcháin atá á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus atá curtha le chéile chun riachtanais foghlama ghairmiúla áirithe de mhúinteoirí nuacháilithe a chomhlíonadh. Sa chlár, atá á chomhordú ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí , tógtar ar an bhfoghlaim a bhí ar siúl le linn na hoiliúna tosaigh múinteoirí. Is féidir le múinteoir nuacháilithe (MNC) é a chur le chéile ag brath ar c(h)úinsí áirithe. Faoi réir 20 uair an chloig ar a laghad ar an iomlán d'fhoghlaim ghairmiúil, féadfaidh MNCanna gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla scoilbhunaithe a chomhcheangal le ceardlanna lasmuigh den láthair.Is riachtanas é do na MNCanna uile ar mian leo a bheith cláraithe go hiomlán leis an gComhairle Mhúinteoireachta páirt a ghlacadh sa Chlár Ionduchtúcháin.

### Meantóir

Is é is meantóir ann múinteoir ag a bhfuil taithí a rinne an Oiliúint Tosaigh Meantóirí leis an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí. Tacaíonn sé/sí le foghlaim ghairmiúil an mhúinteora nuacháilithe agus éascaíonn sé/sí a (h)ionduchtú sa scoil agus sa ghairm i gcomhar le comhghleacaithe.

### An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí

Is seirbhís Státmhaoinithe í an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí a dhéanann an soláthar de chlár ionduchtúcháin iltaobhach do mhúinteoirí a chomhordú. Faigheann na baill foirne lánaimseartha (Oifigigh Forbartha Réigiúnacha) tacaíocht ina gcuid oibre ó fhoireann comhlach (féach thuas).

### Múinteoir Nuacháilithe

Sa doiciméad seo, úsáidtear an téarma múinteoir nuacháilithe chun tagairt do gach múinteoir nuacháilithe atá ag cur tús lena g(h)airmréim mar mhúinteoir, is cuma cén dáta a bhain sé/sí cáilíocht amach.

### Promhadh

Críochnaítear promhadh nuair a éiríonn le múinteoir nuacháilithe a thaispeáint don Chomhairle go bhfuil critéir áirithe iarcháilíochta comhlíonta aige nó aici.

### Punann d’fhoghlaim ghairmiúil

Is doiciméad í an phunann d’fhoghlaim ghairmiúil a fhorbraíonn an múinteoir nuacháilithe (MNC) de réir a chéile chun tacú leis an bpróiseas a bhaineann le machnamh a dhéanamh ar a chleachtadh nó a cleachtadh. D’fhéadfadh an phunann fócas a thabhairt do na comhráite gairmiúla atá ag croílár Droichead agus cur ar chumas MNC réimsí a aithint ina bhféadfadh tacaíocht nó treoir a bheith ag teastáil uaidh nó uaithi. Féadfaidh cóip chrua nó doiciméad leictreonach a bheith i gceist léi.

### Foireann Tacaíochta Gairmiúla

Is foireann de mhúinteoirí ag a bhfuil taithí agus atá cláraithe go hiomlán, lena n-áirítear príomhoide agus meantóir, í an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) a oibríonn i gcomhar lena chéile chun tacú leis an múinteoir nuacháilithe i rith phróiseas Droichead agus le linn na tréimhse nuair atá sé nó sí ag dul isteach sa scoil agus i ngairm na múinteoireachta. Caithfidh gach ball den FTG forbairt ghairmiúil Droichead a chur i gcrích atá curtha ar fáil ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí.

# Liosta acrainmneacha

| | |
|---|---|
| CNIM | **An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí** |
| DEIS | **Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna** (ionstraim beartais na Roinne Oideachais agus Scileanna chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste san oideachas) |
| FTG | **Foireann Tacaíochta Gairmiúla** |
| ITES | **An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta** |
| MNC | **Múinteoir Nuacháilithe** |
| OTM | **Oideachas Tosaigh Múinteoirí** |



# Réamhrá

**Tá gairm na múinteoireachta mar bhonn agus taca ag an gcóras oideachais a bhíonn ag forbairt an t-am ar fad. Shíltí tráth gur leor cáilíocht oideachais tosaigh do mhúinteoirí chun céimithe a réiteach le bheith ina múinteoir. Ach, tá an saol ag athrú i gcónaí agus tá na hathruithe sin thar a bheith soiléir i réimse an oideachais.**

Ní mór múinteoireacht ar an gcaighdeán is airde a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga na tíre seo, agus ar an dóigh chéanna, ní mór an tacaíocht is fearr agus is féidir a chur ar fáil do mhúinteoirí chun cur ar a gcumas an mhúinteoireacht ardchaighdeáin sin a sholáthar.

Tugann luachanna cosúil le rialáil faoi stiúir gairmithe agus comhfhreagracht ghairmiúil treoir don obair a dhéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta thar ceann ghairm na múinteoireachta agus ar mhaithe le leas daltaí/ mac léinn agus an phobail

I bhfianaise na luachanna sin, tá samhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh á tabhairt isteach ag an gComhairle do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile ar bhonn píolótach. Ag croílár na samhla nua seo, tá tréimhse de chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta dá ngairtear Droichead atá deartha chun tábhacht na céime ionduchtúcháin in aistear foghlama an mhúinteora a léiriú, ar aistear é a mhairfidh ar feadh an tsaoil. Sonraíonn sé an pointe ag a gcuirtear fáilte fhoirmiúil roimh an múinteoir nuacháilithe mar ghairmí múinteoireachta cáilithe tar éis na céime a bhaineann le hoideachas tosaigh múinteoirí (OTM).

Tá Droichead bunaithe ar an tuiscint gurb iad na comhghairmithe ag a bhfuil taithí agus a thuigeann cad atá i gceist le teagasc agus le foghlaim i scoil na daoine is fearr chun fáilte fhoirmiúil a chur roimh mhúinteoir nua.

Cuirfear tacaíocht ar fáil do na comhghairmithe sin chomh maith trí raon struchtúr agus acmhainní a sholáthar dóibh. Is é is cuspóir do Droichead an córas reatha a fhorbairt ag féachaint do na luachanna thuasluaite i gcónaí, i gcomhréir leis an gcoincheap a bhaineann le feabhas leanúnach a chur ar ghairm ar bith.

Cé go n-aithnítear gurb ionann Droichead agus céim nua san aistear seo a bhaineann le rialáil faoi stiúir gairmithe a chur chun cinn, ní mór an méid atá foghlamtha ag an ngairm go dtí seo a chlárú agus cur leis an bhfoghlaim sin.

Leagadh amach plean na Comhairle maidir le Droichead ina *Bheartas faoi Shamhail Nua Ionduchtúcháin agus Promhaidh* do mhúinteoirí nuacháilithe, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara. Is féidir é a íoslódáil ó www.teachingcouncil.ie. San áireamh ann tá socrú chun próiseas molta Droichead a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach i seacht gcontae phíolótacha. Is é aidhm na treorach seo bheith mar acmhainn do na scoileanna a ghlacfaidh páirt in Droichead, agus ba chóir í léamh in éineacht leis an doiciméad beartais. Tá sé leagtha amach i bhformáid ceisteanna agus freagraí bunaithe ar na ceisteanna a cuireadh faoi bhráid na Comhairle le linn a próisis comhairliúcháin ar Droichead agus ar thaithí na scoileanna a ghlac páirt ann.

# 1 Eolas faoi Droichead

**Baineann Droichead leis an tréimhse sin de chleachtadh gairmiúil, nach mór do mhúinteoir nuacháilithe (MNC) i scoil phíolótach Droichead a thabhairt chun críche i ndiaidh dó nó di a bheith cláraithe den chéad uair.**

Déanfar gach múinteoir den sórt sin a chlárú faoi réir an choinníll gur gá dó nó di páirt shásúil a ghlacadh in Droichead.

Go praiticiúil, fágfaidh sé sin gur gá do gach MNC na nithe seo a leanas a dhéanamh chun an coinníoll a bhaineann le Droichead a chomhlíonadh:

a) páirt a ghlacadh i dtréimhse ionduchtúcháin scoilbhunaithe (féach ar Chodanna 5 & 6)

b) tar éis an próiseas sin a chríochnú, dearbhú a fháil ó chomhghairmí (ó chomhghairmithe) ag a bhfuil taithí gur chomhlíon sé nó sí critéir áirithe agus,

c) tréimhse íosta de chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a thabhairt chun críche. Is féidir an tréimhse sin a dhéanamh in aon scoil amháin nó níos mó.

Ar aon dul leis na coinníollacha clárúcháin uile eile, ní foláir do MNCanna coinníoll Droichead a chomhlíonadh laistigh de thrí bliana ón dáta ar a ndéantar iad a chlárú den chéad uair. Ní féidir le múinteoir promhadh a chríochnú agus bheith cláraithe go hiomlán go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha uile a cuireadh i bhfeidhm air nó uirthi nuair a rinneadh é nó í a chlárú den chéad uair.

I gcomhréir leis an athchoincheapú nua seo, is cuid lárnach d'eispéireas Droichead an t-ionchur ó mhúinteoirí cleachtacha ag a bhfuil taithí, a ghníomhóidh chun a chinntiú go bhfuil an t-eispéireas struchtúrtha agus tacaithe agus a chuirfidh moladh faoi bhráid na Comhairle faoi cibé acu ar chóir nó nár chóir ceadú do MNC bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile sa leanúntas. (Féach ar Chuid 3 den treoir seo le haghaidh tuilleadh sonraí i ndáil le ról Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla na scoile i bpróiseas Droichead). I roinnt cásanna, féadfar moltaí den tsórt sin a thabhairt faoi réir MNC tréimhsí breise de chleachtadh gairmiúil a thabhairt chun críche i scoil nó i scoileanna eile.

Beidh neart le foghlaim ag gach duine a ghlacfaidh páirt sa chur chuige nua seo. Dá bhrí sin, tá an cur chuige nua á chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach i raon scoileanna.

Is é ceann de phríomhláidreachtaí shamhail Droichead go bhfuil sí solúbtha go leor le cur ar chumas scoileanna an tsamhail a chur in oiriúint dá n-imthosca féin. Déanfaidh an Chomhairle samplaí deachleachtais i raon scoileanna a thaifeadadh le linn an chláir phíolótaigh, agus úsáidfear an t-eolas sin chun treoir a thabhairt don tsamhail ionduchtúcháin agus phromhaidh a chomhaontóidh an Chomhairle.

Príomhláidreacht de shamhail Droichead ná go bhfuil sí solúbtha go leor le cur ar chumas scoileanna an tsamhail a chur in oiriúint dá n-imthosca féin.

# 2 Critéir Droichead

## 2.1 Cad iad na critéir atá le comhlíonadh ag an múinteoir nua cháilithe (MNC)?

Sa doiciméad de chuid na Comhairle Droichead – *Beartas maidir le Samhail Nua Ionduchtúcháin agus Phromhaidh*, leagtar amach ceithre chritéar a bheidh comhlíonta ag MNCanna tar éis dóibh próiseas Droichead a chríochnú. Éireoidh leis an MNC na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- tréimhse íosta éigeantach de chleachtadh gairmiúil a thabhairt chun críche
- páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí ionduchtúcháin scoilbhunaithe (féach Aguisín C) arna mbunú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ar bhealach gairmiúil
- a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí do mhúinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeáin agus
- a léiriú gur féidir leis nó léi oibriú go neamhspleách mar mhúinteoir cáilithe atá cláraithe go hiomlán.

Is critéir ardleibhéil iad na trí chritéar dheireanacha a luaitear, agus tá roinnt táscairí dea-chleachtais tiomsaithe ag an gComhairle a fhéadfaidh FTGanna a bhreithniú agus moladh á chur acu faoi bhráid na Comhairle (ar an gcéad leathanach eile). Beartaítear go ndéanfaidh an ghairm na Táscairí Dea-chleachtais sin a leasú agus samplaí a chur ar fáil i ndáil le comhthéacs na scoile, mar is cuí léi, trí mheán chlár píolótach Droichead.



## 2.2 Táscairí Dea-chleachtais

| CRITÉAR | TÁSCAIRÍ DEA-CHLEACHTAIS |
|---|---|
| Éireoidh le MNC na nithe seo a leanas a dhéanamh… | Éireoidh leis an MNC na nithe seo a leanas a dhéanamh… |
| **páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí ionduchtúcháin scoilbhunaithe, arna mbunú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ar bhealach gairmiúil** | ◦ cur chuige réamhghníomhach a úsáid i ndáil lena fhoghlaim nó lena foghlaim féin agus i ndáil le machnamh ar a chleachtadh nó ar a cleachtadh féin<br>◦ páirt chuiditheach a ghlacadh i raon leathan d'eispéiris ghairmiúla<br>◦ oibriú go rathúil mar bhall foirne agus cur le comhráite gairmiúla leis an FTG<br>◦ páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile i gcomhréir leis an gcéim ag a bhfuil sé nó sí sa leanúntas d'oideachas múinteoirí<br>◦ deiseanna a lorg chun breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí eile agus comhoibriú leo agus na deiseanna sin a thapú agus tacaíocht a lorg agus leas a bhaint aisti agus glacadh le haiseolas cuiditheach ó FTG |
| **a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí do mhúinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeáin** | ◦ pleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach a dhéanamh, agus cleachtadh a dhéanamh atá ar aon dul le beartais scoile (go háirithe i ndáil le hobair bhaile, measúnacht agus beartais teagaisc agus foghlama iomchuí eile) agus leis an gcuraclam/ siollabas náisiúnta nó leis an tsonraíocht iomchuí<br>◦ úsáid a bhaint as raon modheolaíochtaí teagaisc, acmhainní agus modhanna measúnachta cuí atá i gcomhréir lena chéim nó lena céim forbartha<br>◦ ceachtanna a struchtúrú mar is cuí agus a mhúineadh ag luas cuí<br>◦ freastal ar dhaltaí/ar mhic léinn ag a bhfuil leibhéil éagsúla cumais, ó chúlraí éagsúla agus le stíleanna foghlama éagsúla<br>◦ raon cuí ábhair a chlúdach |
| **a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí do mhúinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeáin** | ◦ scileanna maithe cumarsáide a léiriú<br>◦ dea-scileanna bainistíochta seomra ranga a léiriú<br>◦ caidreamh measúil, cúirtéiseach a chothú le pobal iomlán na scoile, lena n-áirítear tuismitheoirí, ag féachaint do na luachanna agus na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus do Chód Iompair na scoile, do Bheartas Cosanta Leanaí na scoile agus d'aon bheartais eile is iomchuí<br>◦ tacaíocht a thabhairt do dhaltaí/do mhic léinn, iad a threorú agus iad a spreagadh chun go n-éireoidh leo torthaí foghlama ardcháilíochta a bhaint amach, lena n-áirítear san obair scríofa<br>◦ a léiriú go bhfuil ar a chumas nó ar a cumas breithiúnas gairmiúil a úsáid agus é nó í ag déileáil le raon saincheisteanna agus imthosca agus<br>◦ comhoibriú go gníomhach le comhghleacaithe i gcomhthéacs scoile atá mar phobal foghlama gairmiúil, agus treoir agus tacaíocht a org uathu de réir mar is gá. |

# 3 An Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla

## 3.1 Cad is an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) ann?

Is é is FTG ann foireann de mhúinteoirí ag a bhfuil taithí agus atá cláraithe go hiomlán, lena n-áirítear príomhoide agus meantóir, a oibríonn i gcomhar le chéile chun tacú le MNC i rith phróiseas Droichead, agus a chabhraíonn le MNC agus é nó í ag dul isteach sa scoil agus sa ghairm. Dá réir sin, cuirtear raon tacaí agus acmhainní ar fáil do FTG chun cabhrú leis/léi a c(h)uid oibre a dhéanamh (féach Cuid 13 den treoir seo le haghaidh tuilleadh faisnéise ar na tacaí a bheidh ar fáil do FTG).

## 3.2 An gá FTG a bhunú chun próiseas Droichead a éascú i scoil?

Is gá, cé go bhféadfadh foirne de mhéideanna éagsúla agus le comhdhéanamh éagsúil a bheith oiriúnach do scoileanna éagsúla. Mar shampla, i roinnt scoileanna, seans nach mbeidh ar FTG ach an príomhoide agus meantóir. I scoileanna eile, d'fhéadfadh an príomhoide, meantóir agus múinteoirí eile ag a bhfuil taithí a bheith ar FTG. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh baill foirne ó scoileanna éagsúla atá ag obair i gcomhar le chéile gníomhú ar FTG.

## 3.3 Cé hiad baill an FTG?

Is iad baill FTG múinteoirí ag a bhfuil taithí atá cláraithe go hiomlán agus atá ag obair in aon scoil le MNC nó i scoileanna sa chomharsanacht nó i scoileanna eile. Ní mór cúig bliana taithí múinteoireachta a bheith ag gach ball FTG agus forbairt ghairmiúil Droichead a bheith curtha i gcrích aige/aici. Nuair a bhuaileann baill FTG le chéile den chéad uair, ba chóir dóibh a róil agus freagrachtaí a shoiléiriú, mar shampla:

- Tá ról maoirseachta ag an bpríomhoide agus déanfaidh sé/sí cinnte de go gcuirfear an próiseas i gcrích de réir mar is cuí, ach d'fhéadfadh sé nó sí a roghnú gan páirt dhíreach a ghlacadh i mbreathnóireacht MNC. Féadfaidh sé nó sí na gnéithe sin den obair a tharmligean chuig an bpríomhoide ionaid, an meantóir agus/nó chuig múinteoirí eile ag a bhfuil taithí, de réir mar is cuí.
- Bíonn ról tacúil ar leith ag an meantóir, a oibríonn le MNC ar bhonn rialta chun tacú le pleanáil, ullmhúchán agus machnamh. Is é an meantóir a dhéanann raon d'eispéiris ionduchtúcháin scoilbhunaithe a éascú chomh maith, lena n-áirítear breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí eile agus iad i mbun teagaisc agus deiseanna do chomhghleacaithe breathnóireacht a dhéanamh ar MNC.
- Is múinteoirí ag a bhfuil taithí baill eile FTG a dhéanann teagmháil le MNC mar chuid de phróiseas Droichead agus a fhéadfaidh breathnóireacht a dhéanamh ar obair MNC ar bhonn tráthrialta agus aiseolas a thabhairt ar bhonn na breathnóireachta sin.

Is é ról FTG tacaíocht agus treoir a chur ar fáil don MNC agus iad ag cur tús lena n-aistear gairmiúil, agus, lasmuigh den mheantóir, teacht ar chomhthuairim i ndáil le cleachtadh MNC agus moladh i ndáil leis a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta1[1]. Ba chóir do FTG teacht ar chomhaontú maidir le dul chun cinn MNC sula sínítear an fhoirm i gcás go mbeidh níos mó ná múinteoir amháin ag cur moladh faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta.

I gcás múinteoirí iarbhunscoile, féadfaidh ball amháin nó níos mó de FTG ábhar a mhúineadh sa réimse ábhair céanna le MNC, ach ní gá go mbeidh an cás amhlaidh. I gcás nach mbeidh aon bhall FTG ann a mhúineann an t-ábhar céanna le MNC, seans gur mhian le FTG smaoineamh ar leas a bhaint as saineolas ball foirne eile nó saineolas ó scoil sa chomharsanacht.

Táthar ag súil leis go mbeidh beirt bhall, ar a laghad, ar gach FTG agus meantóir san áireamh. Moltar gur chóir go mbeadh triúr múinteoirí ar a laghad ar FTG ag leibhéal iarbhunscoile. Tá sé ríthábhachtach go dtuigfidh gach ball den fhoireann agus aon mhúinteoirí eile a thacóidh leis an bpróiseas na róil faoi seach atá le comhlíonadh acu ón tús, agus go míneofar sin do MNC a luaithe agus is féidir.

## 3.4 Conas a bhunaítear FTG?

Nuair atá muintir scoile ag smaoineamh ar pháirt a ghlacadh sa chlár píolótach, ba chóir don phríomhoide iarraidh ar mhúinteoirí a mbeadh spéis acu in FTG, agus a bheadh oiriúnach do na róil éagsúla a bheadh i gceist agus atá toilteanach forbairt ghairmiúil a dhéanamh, a bheith ina mball de FTG.

Tá aon mhúinteoir ag a bhfuil taithí agus atá cláraithe go hiomlán incháilithe chun páirt a ghlacadh, agus go hidéalach, beidh taithí cúig bliana nó níos mó ag gach duine de na múinteoirí sin. Mura bhfuil spéis ach ag múinteoir amháin nó beirt i scoil i bpáirt a ghlacadh sa chlár píolótach, is féidir le múinteoirí dul i dteagmháil le múinteoirí eile i scoileanna sa cheantar máguaird (nó i scoileanna eile i líonra nó i gcnuasach) agus iarraidh orthu bheith in aon FTG leo. Nó, féadfar FTG a bhunú gan ach príomhoide agus meantóir air. I gcásanna den tsórt sin, is é nó í an príomhoide amháin a chuirfidh moladh faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta.

Ag leibhéal na hiarbhunscoile, i gcás go bhfuil roinnt MNCanna i scoil atá ag obair i réimsí ábhair éagsúla, féadfar níos mó ná FTG amháin a bhunú, gach ceann le speisialtóirí ábhair éagsúla, ag brath ar an MNC/ na MNCanna.

1 I roinnt cásanna féadfaidh an príomhoide roghnú gan páirt a ghlacadh sa phróiseas a bhaineann le moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta, e.g., i gcás FTGanna idirscoile. Ach, i ngach cás bíonn ról tábhachtach maoirseachta ag an bpríomhoide agus cinntíonn sé/sí go dtugtar faoin bpróiseas i gceart.

An rud is tábhachtaí ná go bhfuil na baill uile den fhoireann soiléir ón tús maidir lena róil faoi seach ar an FTG, agus go gcuirtear é seo in iúl don MNC a luaithe agus is féidir.

## 3.5 Conas a fheidhmeoidh FTGanna idirscoile?

I gcás FTG atá comhdhéanta de mhúinteoirí a thagann ó níos mó ná aon scoil amháin, ní mór a chinntiú go mbeidh deis ag gach ball FTG freastal ar fhorbairt ghairmiúil Droichead a chuireann an CNIM ar fáil agus caidreamh a chothú leis an MNC agus tacaíocht a thabhairt dó nó di le linn phróiseas Droichead lena n-áirítear deiseanna a fháil chun breathnú ar chleachtadh an MNC.

Ní mór a chinntiú freisin go dtuigfidh gach ball FTG cultúr, beartas agus cleachtais na scoile ina bhfuil MNC fostaithe chun go mbeidh an tacaíocht a thairgfear cuí, ábhartha agus comhleanúnach.

Creideann an Chomhairle go dtugann an clár píolótach deis luachmhar do scoileanna úsáid a bhaint as cineálacha éagsúla cur chuigí. Agus é sin á dhéanamh, tá neart le foghlaim ón taithí a bhí ag CNIM agus é ag bunú sheirbhís na gcomhlach do scoileanna, mar sa tseirbhís sin bíonn ról luachmhar ag meantóirí a thagann ar cuairt ó thaobh tacú le MNCanna agus meantóirí. Is cuma cén cur chuige a roghnaítear, tá sé ríthábhachtach go gcomhaontóidh FTG amlíne Droichead le MNC ag tús an phróisis.

I ngach cás, glactar leis go gcomhaontófar socruithe áitiúla maidir le haisíoc speansas agus tráth scaoilte a chomhroinnt idir scoileanna. Beidh an sparánacht taighde[2] will be held by the school where the NQT is working.

## 3.6 An féidir le múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile a bheith ar FTG le chéile?

Is é is cuspóir don chlár píolótach an méid a fhoghlaimítear i scoileanna a thaifeadadh agus dá bhrí sin, bheadh an Chomhairle breá sásta dá mbainfeadh scoileanna triail as leaganacha éagsúla den tsamhail. Cuireann sí fáilte, trí CNIM, roimh léirithe spéise ó mhúinteoirí i scoileanna in earnálacha éagsúla a bhfuil spéis acu comhoibriú ar aon FTG amháin.

## 3.7 An féidir le múinteoirí ó scoileanna nach bhfuil gar dá chéile a bheith ar FTG le chéile?

Go hiondúil, táthar ag súil leis go mbeidh scoileanna a bhunóidh comh-FTG gar dá chéile, ach d'fhéadfadh sé tarlú, ar chúis éigin, nach dteastóidh ó scoil oibriú i gcomhar leis an scoil nó leis na scoileanna is gaire di. I gcásanna den tsórt sin, seans gur mhian leis an scoil comhoibriú le scoil eile nach bhfuil i ngiorracht di más rud é go bhfuil caidreamh seanbhunaithe aici leis an scoil sin cheana féin. Mar shampla, d'fhéadfadh fonn a bheith ar mhuintir Gaelscoile obair i gcomhpháirtíocht le muintir Gaelscoile eile, nó d'fhéadfadh scoil aon inscne oibriú i gcomhpháirtíocht le scoil chomhoideachais. Tá an Chomhairle breá sásta glacadh le comhpháirtíochtaí den tsórt sin chomh fada is go bhfágann suíomh an dá scoil go bhfuil ar a gcumas páirt a ghlacadh agus gur féidir leo araon cibé méid tacaíochta atá ag teastáil a fháil.

## 3.8 Cad é an t-eolas agus cad iad na scileanna agus na hinniúlachtaí atá ag teastáil ó bhaill FTG?

Tá a lán teoricithe tar éis scríobh faoin eolas, faoi na scileanna, faoi na hinniúlachtaí agus faoi na meonta gairmiúla a bhfuil gá leo chun meantóireacht éifeachtach a dhéanamh. Creideann an Chomhairle go bhfuil na scileanna céanna, na hinniúlachtaí céanna etc. ag teastáil ó gach ball FTG atá ag glacadh páirte i bpróiseas Droichead, chomh maith le bheith ag breathnú ar obair MNCanna agus ag cur aiseolais ar fáil dóibh. Tá cur síos déanta ar roinnt díobh anseo. Maidir le baill FTG:

- ba chóir go mbeidís **cláraithe go hiomlán** agus, go hidéalach, ba chóir go mbeadh cúig bliana taithí nó níos mó acu mar mhúinteoirí atá cláraithe go hiomlán
- ba chóir go mbeidís ina **gcumarsáidithe maithe** a bhfuil tuiscint acu do thuairimí daoine eile
- ba chóir go mbeidís **tiomanta** do thacaíocht ghairmiúil agus phearsanta a chur ar fáil, mar aon le dúshláin ghairmiúla agus pearsanta a thabhairt
- ba chóir go mbeidís ina **n-eiseamláirí maithe** agus ba chóir go mbeadh raon forleathan stíleanna teagaisc ar a dtoil acu
- ba chóir go mbeidís **tiomanta do chaighdeáin arda** i ndáil le cleachtadh agus iompar gairmiúil
- ba chóir go mbeidís sásta **am a chaitheamh agus a ndícheall a dhéanamh** chun cleachtadh MNC agus a gcleachtadh féin a fhorbairt
- ba chóir go mbeidís sásta ligean do mhúinteoirí eile breathnú ar a gcuid cleachtaidh agus ba chóir go mbeidís compordach leis an **mbreathnóireacht** sin, agus
- ba chóir go mbeadh **scileanna maithe le caidrimh a fhorbairt a bheith acu** agus tuiscint shoiléir acu ar na céimeanna d'fhorbairt múinteoirí (go háirithe an chéim ionduchtaithe) agus a bheith in ann tacú leis an MNC agus dúshlán a chur roimh an MNC chun a fhoghlaim nó a foghlaim a phleanáil ón OTM go dtí réadúlacht an tseomra ranga.

## 3.9 Conas is féidir FTG a bhunú i gcomhthéacs scoil bheag?

Dar leis an gComhairle, is féidir FTG a bhunú in aon scoil ina bhfuil beirt mhúinteoirí nó níos mó ar an bhfoireann, ar múinteoirí iad ag a bhfuil taithí, atá cláraithe go hiomlán, atá oiriúnach do ról bhall FTG agus atá tiomanta do thacaíocht a thabhairt do phróiseas Droichead. Tuigtear, áfach, go mb'fhéidir nach mbeidh an cás amhlaidh i ngach scoil bheag. In imthosca den sórt sin, féadfar FTG idirscoile a bhunú, a chuirfidh ar chumas múinteoirí ag a bhfuil taithí ó scoileanna éagsúla comhoibriú le chéile chun tacú leis an múinteoir nua (féach Cuid 3).

## 3.10 Cad é ról an mheantóra ar FTG agus cén t-ionchur a bheidh aige nó aici i ndáil leis an moladh a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta?

Cé go moltar cur chuige scoile uile a úsáid maidir le hionduchtú MNCanna, bíonn ról ríthábhachtach ag an

2 Féach Cuid 13 le haghaidh faisnéise faoin sparánacht taighde atá ar fáil do scoileanna píolótacha.

meantóir i gcomhthéacs na scoile uile maidir le tacaíocht a thabhairt do MNC. Tuigeann MNCanna a luachmhaire agus a hábhachtaí atá sé go mbeadh duine éigin 'ar fáil dóibh' agus iad ag cur tús lena n-aistear gairmiúil mar mhúinteoirí. Is féidir le MNC tacaíocht phearsanta, ghairmiúil agus oideolaíoch a fháil ó mheantóir le linn na tréimhse ríthábhachtaí sin. Tugann an meantóir tacaíocht agus treoir do MNC, agus bíonn sé nó sí mar eiseamláir dó nó di. Níl ról meastóireachta ar bith ag an meantóir ná ní chuireann sé nó sí moladh i ndáil le cleachtadh MNC faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta. Glacann sé nó sí páirt, áfach, i gcomhráite FTG i ndáil le heispéireas Droichead MNC, de réir mar is cuí.

Shainigh CNIM ról meantóra mar ról a fholaíonn na nithe seo a leanas:

- tacaíocht ghairmiúil agus oideolaíoch a chur ar fáil do MNC
- an plean ionduchtúcháin agus gníomhaíochtaí ionduchtúcháin a chomhordú i gcomhar leis an bpríomhoide agus an MNC
- teagmháil a dhéanamh leis an bpríomhoide chun nuashonruithe gearra a thabhairt dó nó di faoi ionduchtú na MNCanna
- teagmháil a dhéanamh le baill foirne eile i ndáil le deiseanna a thabhairt don MNC cuairt a thabhairt ar a seomraí ranga agus oibriú i gcomhar le múinteoirí ranga eile
- teagmháil a dhéanamh le scoileanna eile sa cheantar máguaird chun breathnóireacht a dhéanamh ar chleachtadh agus chun cleachtais a roinnt
- dul i gcomhairle leis an bpríomhoide chun socruithe ionadaithe a dhéanamh le haghaidh tráth scaoilte (don mheantóir agus don MNC)
- tacú leis an MNC lena p(h)leanáil agus m(h)achnamh
- an MNC a chumasú agus a chumhachtú le freagraí ar cheisteanna a lorg agus a aimsiú
- teorainneacha soiléire a bhunú don chaidreamh idir an meantóir agus an MNC
- beartais agus nósanna imeachta na scoile a chur in iúl don MNC
- oibriú i gcomhar leis an MNC sa seomra ranga, e.g., breathnóireacht agus aiseolas á thabhairt.
- glacadh le haiseolas agus é a thabhairt ar bhealach cuiditheach, oscailte agus gairmiúil, agus
- dul i mbun pleanáil ghnímh a dhéanamh leis an MNC.

Mar chuid den shamhail Droichead, táthar ag súil go gcomhaontófar ag tús an phróisis róil gach ball FTG i measc na FTGanna.

## 3.11 An féidir le múinteoir aonair moladh i ndáil le MNC a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta gan dul i gcomhairle le comhghleacaithe eile?

Go hiondúil, beidh moladh déanta ag roinnt múinteoirí ag a bhfuil taithí, a bheidh ag obair i gcomhar le chéile. D'fhéadfadh sé tarlú, áfach, nach mbeidh ar chumas príomhoide FTG a bhunú, mar gheall ar mhéid na scoile, mar shampla. In imthosca den tsórt sin, féadfaidh sé nó sí féachaint ar an bhféidearthacht nasc a dhéanamh le scoil nó scoileanna eile agus FTG idirscoile a bhunú, nó féadfaidh sé nó sí moladh a chur faoi bhráid na Comhairle é nó í féin. In imthosca eile, nuair nach mbeidh ina mbaill de FTG ach an príomhoide, meantóir agus ball comhlach seachtrach ó scoil eile, féadfaidh an príomhoide a roghnú gan páirt a ghlacadh sa phróiseas a bhaineann le moladh faoi MNC a chur faoi bhráid na Comhairle. Sa chás sin, ní bhainfidh a ról ach le tacaíocht a thabhairt d'ionduchtú MNC agus le dearbhú a thabhairt go ndearnadh an próiseas. In imthosca den sórt sin, is é an ball comhlach seachtrach amháin a chuirfeadh moladh faoi bhráid na Comhairle gur chóir coinníoll Droichead a bhaint de chlárú MNC. I ngach cás, coinníonn an príomhoide ról tábhachtach maoirseachta agus cinntíonn sé/sí go gcuirtear an próiseas i gcrích i gceart.

## 3.12 Más mian le scoil ball seachtrach a bheith ar a foireann tacaíochta gairmiúla cad ba chóir di a dhéanamh?

Bhunaigh an CNIM painéal múinteoirí a bhfuil spéis acu gníomhú mar bhaill sheachtracha FTGanna. Go hiondúil, is baill oilte de FTG iad na múinteoirí seo ó scoileanna Droichead eile. Tá an painéal ar fáil do scoileanna ar iarratas ón CNIM.

## 3.13 Cén tacaíocht a chuirtear ar fáil do phríomhoidí teagaisc chun cur ar a gcumas a bheith páirteach in FTG?

Tuigeann an Chomhairle go mbíonn ualach mór oibre ar gach príomhoide, go háirithe i bhfianaise an laghdú atá tagtha ar líon na múinteoirí ag leibhéal na meánbhainistíochta. Baineann dúshlán ar leith leis an ualach oibre sin i gcás príomhoidí teagaisc. Tuigtear go mbeidh tráth scaoilte méadaithe, sa bhreis ar na tráthanna scaoilte a chuirtear ar fáil dóibh faoi láthair, ag teastáil ó phríomhoidí agus ó leasphríomhoidí a dhéanann breathnóireacht ar chleachtadh MNCanna agus a thacaíonn le próiseas Droichead ar bhealaí eile. Aithnítear freisin go gcuirfidh líon mór díobh fáilte roimh thacaíocht, treoir agus athdheimhniú a thagann ó fhoinse sheachtrach agus, chuige sin, beidh líonra de chomhlaigh CNIM ar fáil chun tacú le próiseas Droichead. Tá tuilleadh faisnéise ar na tacaí atá ar fáil do scoileanna píolótacha ar fáil i gCuid 13.

## 3.14 An bhfuil aon dreasachtaí ann chun múinteoirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i FTG? Cén t-aitheantas a thabharfar dá gcuid oibre?

Tugadh le fios san aiseolas a fuarthas ó mheantóirí go mbaineann siad an-tairbhe as tacú le hionduchtú múinteoirí nua sa ghairm. Cé go bhfuil difríochtaí idir ról an mheantóra agus ról bhaill FTG, tá a lán cosúlachtaí ann chomh maith, go háirithe ó thaobh an chultúir chomhoibríoch atá ag croílár an dá ról sin. Creideann an Chomhairle go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach cur leis an méid a foghlaimíodh go dtí seo.

Creideann an Chomhairle go mbainfidh múinteoirí a ghlacfaidh páirt in FTGanna taitneamh agus tairbhe ghairmiúil as, ar bhonn na mball aonair den fhoireann agus ar bhonn na scoile uile. Tugadh sin le fios leis an aiseolas a tháinig ó mhúinteoirí agus baill FTG i scoileanna a ghlac páirt ann.

> Mar gheall ar phróiseas Droichead d'athraigh an seomra ranga go timpeallacht foghlama.

> Thugamar tacaíocht do MNCanna inár scoil i gcónaí. Chuir Droichead go mór le leibhéal na tacaíochta sin agus braithim gur chuir mé aithne cheart ar na MNCanna i mbliana. Ba spreagadh agus ba phribhléid dom cuireadh a fháil dul isteach i ranganna MNCanna chun breathnóireacht a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim agus machnamh a dhéanamh i gcomhar leo ina dhiaidh sin.

Aithnítear go gcaithfidh múinteoirí ag a bhfuil taithí a gcuid ama agus a gcuid taithí a roinnt chun go mbeidh rath ar Droichead. Tá tús curtha ag an gComhairle plé a dhéanamh ar bhealaí chun an dea-thoil ghairmiúil sin a aithint. Is iad seo a leanas roinnt de na moltaí atá tagtha chun cinn, agus cuirfear fáilte roimh aiseolas ar na moltaí seo:

**a)** réimse nua a chur leis an gClár Múinteoirí chun múinteoirí ar baill FTG iad a aithint go soiléir

**b)** amach anseo, d'fhéadfaí obair múinteoirí mar chuid de FTG a aithint ó thaobh a riachtanais FGL agus clárú á athnuachan

**c)** oiliúint FTG/do mheantóirí a chreidiúnú ag coláiste nó ollscoil

**d)** d'fhéadfadh an Fhéile Oideachais um Barrfheabhas Foghlama agus Teagaisc (FÉILTE)[3] ócáid a eagraítear gach bliain chun Lá Domhanda na Múinteoirí a chomóradh, fóram a chur ar fáil chun an obair a dhéanann FTGanna chun próiseas Droichead a éascú i scoileanna a léiriú, agus

**e)** Imeacht(aí) Comhfhoghlama a óstáil go tráthrialta agus líon mór áiteanna a chur in áirithe do bhaill FTGanna agus MNCanna.

3 Is ócáid í FÉILTE ag a ndéantar buanna uile na múinteoireachta a cheiliúradh agus a aithint. Tagann múinteoirí ó cheann ceann na tíre le chéile chun an méid atá ar siúl acu ina scoileanna a thaispeáint chun feabhas a chur ar eispéiris foghlama na ndaltaí. Eagraíodh FÉILTE den chéad uair in 2013 chun Lá Domhanda na Múinteoirí a chomóradh agus Is féile bhliantúil í anois a bhíonn ar siúl i mí Dheireadh Fómhair.

# 4 Suíomhanna inar féidir Droichead a dhéanamh

## 4.1 Cad iad na suíomhanna inar féidir le múinteoir bunscoile nuacháilithe páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead?

Is féidir le múinteoir bunscoile nuacháilithe[4] páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead má tá sé nó sí fostaithe go buan, go sealadach nó mar mhúinteoir ionaid in aon cheann de na poist seo a leanas:

- múinteoir ranga príomhshrutha
- múinteoir ranga speisialta i scoil phríomhshrutha
- múinteoir i scoil speisialta nó i scoil ospidéil
- múinteoir acmhainne lánaimseartha a bhíonn ag múineadh daltaí faoi mhíchumas íosmhiniciochta (arna shainiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna)

Ní mór do mhúinteoir bunscoile 100 lá scoile ar a laghad a chríochnú ón dáta a ceapadh é nó í den chéad uair chuig post i mbunscoil atá aitheanta chun críocha Droichead chun na riachtanais maidir le cleachtadh gairmiúil a bhaineann le Droichead a chomhlíonadh. Is féidir an cleachtadh sin a dhéanamh ar bhonn buan, sealadach nó ionaid agus caithfidh ceann de na roghanna seo a leanas a bheith i gceist leis:

- 100 lá as a chéile ar a laghad in aon suíomh amháin, nó
- 100 lá ar a laghad, a fhéadfar a dhéanamh i scoileanna éagsúla, in dhá bhloc agus gach ceann den dá bhloc 50 lá as a chéile, ar a laghad, i bhfad, nó
- 120 lá scoile ar a laghad, a mbeidh bloc amháin de 50 lá as a chéile ar a laghad san áireamh ann.

Caithfidh tréimhse de 50 lá scoile as a chéile ar a laghad i gceann de na suíomhanna ranga thuasluaite a bheith tugtha chun críche ag MNC sular féidir le FTG moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta maidir lena chleachtadh nó lena cleachtadh gairmiúil. Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb iad seo na tréimhsí is lú cleachtaidh agus creideann an Chomhairle, áit a sáraíonn tréimhse cleachtaidh i scoil na tairseacha sin, tá sé inmholta gan an moladh a dhéanamh agus é a chur siar go dtí níos gaire do dheireadh a thréimhse nó a tréimhse sa scoil.

## 4.2 Cad iad na suíomhanna inar féidir le múinteoir iarbhunscoile nuacháilithe páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead?

Is féidir le múinteoir iarbhunscoile nuacháilithe páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead má tá sé nó sí fostaithe go buan, go sealadach nó mar mhúinteoir ionaid in aon cheann díobh seo a leanas:

- in iarbhunscoil aitheanta
- i scoil speisialta má tá roinnt de na mic léinn atá ag freastal uirthi in aois iarbhunscoile agus má tá an múinteoir ag múineadh ábhair (ábhar) a bhaineann leis an gcuraclam iarbhunscoile do na mic léinn sin
- in Ionad Oideachais ina múintear ábhair churaclaim iarbhunscoile do dhaoine lena n-ullmhú do scrúduithe Stáit.

Ní mór do mhúinteoir iarbhunscoile 300 uair an chloig d'fhostaíocht mhúinteoireachta a dhéanamh i suíomh incháilithe mar atá leagtha amach thuas chun na riachtanais maidir le cleachtadh gairmiúil a bhaineann le Droichead a chomhlíonadh. Caithfidh dhá thrian (200 uair an chloig) ar a laghad den fhostaíocht a bheith bainteach le hábhar curaclaim a mhúineadh nó treoirchomhairliú a sholáthar do rang ainmnithe ar chlár ama na scoile. Féadfar suas le haon trian (100 uair an chloig) den chleachtadh gairmiúil a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht foghlama, riachtanais speisialta, tacaíocht teanga nó ar ghníomhaíocht teagaisc eile atá ar an gclár ama.

Caithfidh tréimhse 100 uair an chloig ar a laghad a bheith tugtha chun críche ag MNC sular féidir le FTG moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta maidir lena chleachtadh nó lena cleachtadh gairmiúil. Ní mór an 100[5] uair an chloig sin a chaitheamh ag múineadh ábhar curaclaim do rang ainmnithe ar chlár ama na scoile in aon iarbhunscoil amháin nó in Ionad Oideachais.

---

4 Baineann sé seo le MNCanna arb iad na coinníollacha clárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta atá fágtha ná: a) promhadh/Droichead amháin, nó b) promhadh/Droichead agus riachtanas an Chláir Ionduchtúcháin.

5 Féach Nósanna Imeachta le haghaidh Ionduchtúcháin agus *Nósanna Imeachta agus Critéir le haghaidh Promhaidh 2015/2016.*

### 4.3 Má éiríonn le MNC próiseas Droichead a chríochnú i suíomh teoranta, an mbainfear an coinníoll dá chlárú nó dá clárú i ndáil le suíomhanna príomhshrutha?

Ní bhainfear. De ghnáth, ní bhíonn deis ag múinteoir atá fostaithe i suíomh teoranta an curaclam iomlán a mhúineadh agus taithí a fháil i réimsí cosúil le bainistiú ranga uile. Is é sin an chúis nach féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta coinníoll Droichead a bhaint de chlárú múinteora má éiríonn leis nó léi próiseas Droichead a chríochnú i suíomh teoranta. Déanfar an clár a nuashonrú, áfach, chun a léiriú gur éirigh leis nó léi próiseas Droichead a chríochnú i suíomh teoranta. Ní bheidh feidhm ag na srianta ama a bhaineann le coinníoll Droichead maidir le múinteoir den tsórt sin fad a bheidh sé nó sí fostaithe i suíomh den tsórt sin

Ní mór do mhúinteoirí a chríochnóidh próiseas Droichead i suíomh teoranta agus a bhogann go suíomh príomhshrutha i scoil phíolótach nó i scoil neamhphíolótach ina dhiaidh sin an próiseas cuí (promhadh/Droichead) a thabhairt chun críche laistigh de dhá bhliain ón dáta a thosóidh siad ag obair sa suíomh príomhshrutha sin. Leis seo ní foláir dóibh múineadh ar feadh tréimhse nach bhfuil níos lú ná 50 lá as a chéile i suíomh den tsórt sin (féach Cuid 4 le haghaidh tuilleadh eolais).

### 4.4 An gá don MNC an riachtanas maidir le cleachtadh gairmiúil a chomhlíonadh trí na hábhair a bhfuil sé nó sí cláraithe dóibh, agus na hábhair sin amháin, a mhúineadh?

Is féidir le múinteoirí iarbhunscoile nuacháilithe riachtanais chleachtaidh Droichead a chomhlíonadh trí ábhar curaclaim iarbhunscoile a mhúineadh do rang ainmnithe ar chlár ama na scoile. Go hidéalach, bheadh san áireamh sna hábhair sin arna múineadh cibé ábhar a bhfuil MNC ag iarraidh a bheith cláraithe go hiomlán ina leith. Cuirtear forálacha Chiorclán 31/2011 i gcuimhne do scoileanna, ina ndéantar iarracht a chinntiú, chomh fada agus is féidir, gur múinteoirí cláraithe ag a bhfuil cáilíochtaí atá cuí don earnáil agus atá oiriúnach don phost ina bhfuil siad fostaithe, na daoine a cheaptar chuig poist mhúinteoireachta.

### 4.5 An féidir le múinteoir páirt a ghlacadh in Droichead má bhíonn sé nó sí ag obair ar bhonn deonach?

Ní féidir socrúchán deonach a chur san áireamh chun críocha chlár píolótach Droichead. D'iarr an Chomhairle ar na páirtithe leasmhara go léir atá freagrach as téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a seacht ndícheall a dhéanamh chun a chinntiú go ndéanfar córas de shocrúcháin scoile ráthaithe, ag a mbeidh na hacmhainní cuí, a chur ar fáil mar ábhar práinne do gach múinteoir atá ag iarraidh a bheith cláraithe go hiomlán.



# 5 Ag tacú leis an múinteoir nuacháilithe

## 5.1 Conas is féidir le FTG agus scoil tacaíocht éifeachtach a thabhairt do MNC le linn phróiseas Droichead

De réir taighde, má chuirtear tacaíocht agus cúnamh ar fáil do mhúinteoirí atá ag tosú amach sa ghairm, bíonn tionchar dearfach ag an gcéanna ar chleachtadh gairmiúil agus ar thiomantas agus ar ráta coinneála múinteoirí.[6]

Ní foláir timpeallacht thacúil a bhunú ar shlí a thugann na scileanna don MNC a bhíonn ag teastáil uaidh nó uaithi chun machnamh a dhéanamh ar a chleachtadh nó ar a cleachtadh féin, agus a chabhraíonn leis nó léi fás ar luas cuí agus a stíl uathúil féin a fhorbairt. Is dócha go mbeidh tacaí cosúil le meantóireacht, breathnóireacht agus aiseolas, comhráite gairmiúla, agus breathnóireacht ar theagasc múinteoirí eile san áireamh inti.

## 5.2 An gá do bhaill FTG imscrúdú a dhéanamh ar ullmhúchán agus ar phleanáil MNC nuair a bhíonn siad ag tacú le MNC?

Tá ullmhúchán agus pleanáil ríthábhachtach don dea-theagasc agus déantar tagairt dóibh sna táscairí dea-chleachtais atá forbartha ag an gComhairle (féach Cuid 2). Dá bhrí sin, is dócha go dtabharfar aird ar leith orthu le linn phróiseas Droichead. Ní mór do FTGanna féachaint do riachtanais forbartha gairmiúla áirithe MNC i gcónaí, áfach, leis an tuiscint nach mbeidh an méid céanna tacaíochta ag teastáil ó gach MNC sa réimse seo.

## 5.3 Cad is brí leis an téarma 'comhráite gairmiúla'?

Le linn phróiseas Droichead, déanfaidh MNC teagmháil ó am go chéile le ball amháin nó níos mó de FTG. Tugtar 'comhráite gairmiúla' ar na comhráite seo i rith na treorach seo.

D'fhéadfadh comhrá gairmiúil a bheith mar dheis do MNC agus don mheantóir (nó don MNC agus do bhall eile den FTG) aiseolas neamhfhoirmiúil a thabhairt dá chéile ar bhonn duine le duine agus plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a eascraíonn as cleachtadh laethúil MNC. I gcásanna eile, d'fhéadfadh cruinniú réamheagraithe idir an MNC agus ball amháin nó níos mó den FTG a bheith i gceist leis.

Is dócha go n-úsáidfear an chéad chomhrá ghairmiúil chun fáilte a chur roimh MNC agus breac-phlean do phróiseas Droichead a leagan amach, lena n-áirítear amlínte táscacha chun moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta, i bhfianaise an fad a bheidh MNC ag obair sa scoil.

Eagrófar comhráite gairmiúla eile tar éis breathnóireacht a dhéanamh ar chleachtadh MNC chun cur ar chumas bhaill FTG aiseolas a thabhairt do MNC, ar bhonn aonair nó i ngrúpa, faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim a breathnaíodh. Is deis é freisin don FTG treoir a thabhairt faoi na réimsí inar gá forbairt bhreise a dhéanamh.

B'fhéidir gur mian le MNC nótaí a bhreacadh síos chun príomhghnéithe an chomhrá agus na torthaí comhaontaithe a thaifeadadh. Féadfaidh sé nó sí é sin a dhéanamh mar chuid dá phunann nó dá punann d'fhoghlaim ghairmiúil (féach Cuid 6 le haghaidh tuilleadh faisnéise i ndáil leis an bpunann d'fhoghlaim ghairmiúil).

Nuair a bheidh an nóta comhaontaithe idir an MNC agus múinteoir ag a bhfuil taithí a rinne breathnóireacht ar chleachtadh an MNC, ba chóir don MNC é a roinnt leis an FTG. Leagtar béim ar an ngá meas a léiriú ar rúndacht na faisnéise a phléitear le linn comhráite gairmiúla. Ba chóir gach prótacal cumarsáide a chomhaontú ag tús phróiseas Droichead.

Toisc gur obair de chineál comhghleacúil í an mhúinteoireacht, is cleachtas an-dearfach é dúshláin seomra ranga atá ag teacht chun cinn a phlé le comhghleacaithe (lena n-áirítear baill den FTG). Dá bhrí sin, nuair a iarrann MNC treoir nó tacaíocht i ndáil le saincheist a bhaineann le cleachtadh gairmiúil mar chuid de chomhrá gairmiúil, ba cheart glacadh leis mar ní atá dearfach agus ba cheart do bhaill den FTG an cleachtas sin a spreagadh. Léirítear sin i mana CNIM "**comhartha nirt is ea tacaíocht a iarraidh**".

## 5.4 Cad iad na tacaí eile atá ar fáil do na MNCanna atá ag tabhairt faoi phróiseas Droichead?

Chomh maith leis na tacaí a bhfuil achoimre déanta orthu thuas, tá na tacaí breise seo a leanas ar fáil do CNManna trí phróiseas Droichead:

- Tacaíocht ó bhaill foirne agus comhlaigh de chuid an CNIM
- Cruinnithe cnuasaigh Droichead (féach Cuid 14)
- Clár ionduchtúcháin (ceardlanna agus tacaíocht scoilbhunaithe).

Tá na sonraí iomlána maidir leis seo thuas ar fáil ar www.teacherinduction.ie. Tá faisnéis ar fáil freisin sa Lámhleabhar Clárúcháin a eisítear chuig gach MNC nuair a chláraíonn siad leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

6 Ingersoll, R. agus Strong, M. (2011). "The Impact of Induction and Mentoring Programs for Beginning Teachers: A Critical Review of the Research." Review of Education Research. Iml. 81(2), 201-233

## 5.5 Más rud é go bhfuil an MNC faoi mhíchumas, cad is gá do scoil a dhéanamh chun freastal air nó uirthi?

Bíonn a lán bacainní de chineálacha éagsúla le sárú ag daoine faoi mhíchumas gach lá den saol, mar shampla foirgnimh, iompar nó suíomhanna gréasáin atá dorochtana, agus droch-shaoráidí cumarsáide nó seirbhíse. Déantar freastal réasúnach dá riachtanais chun na bacainní sin a laghdú d'fhonn rochtain chomhionann agus deiseanna comhionanna a chur ar fáil do chách. I gcomhthéacs na hoibre, déantar freastal réasúnach chun cur ar chumas duine cáilithe atá faoi mhíchumas an obair dár fostaíodh é nó í a dhéanamh. Faoin reachtaíocht a bhaineann le Comhionannas, ní mór d'fhostóir bearta réasúnacha a dhéanamh chun cur ar chumas duine atá faoi mhíchumas na nithe seo a leanas a dhéanamh:

**a)** bheith in ann teacht ar fhostaíocht

**b)** páirt a ghlacadh san fhostaíocht nó dul chun cinn a dhéanamh inti agus

**c)** forbairt ghairmiúil a dhéanamh.

Ní foláir go mbeadh freastal praiticiúil déanta ag an scoil ar MNC, ag féachaint do chostas freastail agus acmhainní na scoile. Braitheann an cineál freastail ar nádúr an mhíchumais. Freastal réasúnta agus comónta a dhéantar ná teicneolaíocht chuiditheach, oiriúnú a dhéanamh ar fhoirgnimh nó bealaí rochtana.

> Ní foláir timpeallacht thacúil a bhunú ar shlí a thugann na scileanna do MNC a bhíonn ag teastáil uaidh nó uaithi chun machnamh a dhéanamh ar a chleachtadh nó ar a cleachtadh féin.



# 6 Breathnóireacht, aiseolas agus machnamh

## 6.1 Cé mhéad uair ar chóir breathnóireacht a dhéanamh ar chleachtadh MNC le linn phróiseas Droichead?

Tá an bhreathnóireacht mar chuid de phróiseas tacúil iltaobhach a chuidíonn lena fháil amach ar léirigh MNC go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim ardchaighdeáin, agus go bhfuil ar a chumas nó ar a cumas cleachtadh go neamhspleách mar mhúinteoir atá cláraithe go hiomlán. Ba chóir go mbeadh breathnóireachtaí forbarthach go gairmiúil, foirmitheach agus cuiditheach. Is gá go ndéanfadh ball amháin nó níos mó den FTG ar líon breathnóireachtaí den chleachtas. Braithfidh an líon ar raon fachtóirí éagsúla. Mar shampla, más rud é go mbíonn deacrachtaí gairmiúla ag MNC, is dócha go mbeidh sé riachtanach líon na n-uaireanta a dhéanfar breathnóireacht a mhéadú chun na réimsí ina bhfuil gá le feabhsú agus le tacaíocht a aithint.

Beidh sé faoin FTG féachaint ar gach cás ar leith chun a chinneadh cá mhéad uaireanta ar cheart breathnóireacht a dhéanamh agus an bhreathnóireacht sin a chomhordú laistigh de phróiseas scoilbhunaithe Droichead tríd is tríd. Beartaítear go ndéanfaidh ball amháin nó níos mó den FTG breathnóireacht ar an MNC dhá uair ar a laghad laistigh de thréimhse 50 lá (ag leibhéal bunscoile) nó laistigh de thréimhse 100 uair an chloig (ag leibhéal iarbhunscoile). Is breathnóireacht í seo atá sa bhreis ar aon bhreathnóireacht a dhéanfaidh an meantóir.

## 6.2 Ar cheart do bhall FTG cloí le formáid ar leith le linn dó nó di breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoireacht MNC?

Toisc go dteastaíonn ón gComhairle gurb í an ghairm a fhorbróidh an tsamhail a eascróidh as an gclár píolótach, tá drogall uirthi formáid áirithe amháin a fhorordú le haghaidh breathnóireachta ar chleachtas, mar ní oirfidh formáid amháin do gach MNC, FTG nó scoil.

Tugann taithí CNIM agus ón gcéad chéim den chlár píolótach le fios go bhféadfaidh sé a bheith úsáideach déileáil leis an mbreathnóireacht mar phróiseas ina bhfuil trí chéim mar seo a leanas:

**a)** an bhreathnóireacht a phleanáil
**b)** breathnóireacht, agus
**c)** tar éis na breathnóireachta.

Léirítear é sin freisin sna prótacail a bhaineann le hathbhreithniú comhoibríoch gairmiúil ar theagasc agus foghlaim, arna bhfoilsiú sna Treoirlínte maidir le Féinmheastóireacht Scoile (FMS) do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna (www.education.gov.ie).

**a) An bhreathnóireacht a phleanáil**

Cabhróidh an chéim seo lena chinntiú go mbeidh an bhreathnóireacht mar phróiseas fiúntach do MNC agus don mhúinteoir a dhéanfaidh an bhreathnóireacht. Le linn na céime seo, féadfaidh an breathnóir agus MNC na nithe seo a leanas:

- cuspóir nó fócas na breathnóireachta
- mionsonraí eagrúcháin, e.g. am na breathnóireachta, duine a chur in aithne do dhaltaí/mic léinn, fad na cuairte ar an seomra ranga, a bheith páirteach nó gan a bheith páirteach fad a bheidh sé nó sí sa seomra ranga
- prótacail maidir le nótaí breathnóireachta agus machnaimh a thaifeadadh agus a roinnt agus
- am agus áit a eagrú le haghaidh comhrá agus aiseolais tar éis na breathnóireachta

**b) Breathnóireacht**

Tá raon roghanna san áireamh sa tsamhail a d'eascair as obair CNIM, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- tugann an múinteoir ag a bhfuil taithí cuairt ar sheomra ranga an MNC ar feadh tréimhse comhaontaithe agus labhraíonn an múinteoir ag a bhfuil taithí le grúpa daltaí/mac léinn agus díríonn sé nó sí ar fhoghlaim agus ar theagasc na ndaltaí/na mac léinn
- déanann an múinteoir ag a bhfuil taithí ceacht a phleanáil agus a theagasc i gcomhar le MNC[7] agus
- déanann an múinteoir ag a bhfuil taithí breathnóireacht i seomra ranga an MNC agus díríonn sé nó sí ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc araon.

**c) Tar éis na breathnóireachta**

Má tá ag éirí leis an bpróiseas, aithneofar gnéithe den cheacht nach mór aird níos mó a thabhairt orthu agus obair bhreise a dhéanamh orthu. Ba cheart go mbeadh na gnéithe sin bunaithe ar fhianaise ón mbreathnóireacht tar éis don mhúinteoir ag a bhfuil taithí agus MNC machnamh a dhéanamh uirthi le linn comhrá tar éis an cheachta. Moltar go bhféadfaidh an múinteoir ag a bhfuil taithí nótaí a thógáil chun treoir a thabhairt don chomhrá iar-bhreathnóireachta agus moltar do MNC na torthaí comhaontaithe a thaifeadadh[8].

7 Is cuid éifeachtach de na hullmhúcháin a bhaineann le tacaíocht a thabhairt don phróiseas breathnóireachta comhtheagasc a dhéanamh. Ó thaithí CNIM, tá a fhios againn gur féidir le comhtheagasc cur go mór le comhpord meantóra agus MNC nuair atá breathnóireacht á déanamh. Mar sin féin, ní féidir é a chur in ionad breathnóireacht dhírithe agus aiseolas uirthi.

8 Féadfaidh na teimpléid a d'fhorbair CNIM a bheith úsáideach ó thaobh treoir a thabhairt do phlé den tsórt sin. Féach, le do thoil, ar an *Treoir don Ionduchtú agus don Mheantóireacht* de chuid an CNIM.

Féadfaidh sé nó sí é sin a dhéanamh mar chuid dá phunann nó dá punann d'fhoghlaim ghairmiúil. Ba chóir cóip de na torthaí comhaontaithe a thabhairt don mhúinteoir ag a bhfuil taithí agus do bhaill FTG eile, ag féachaint do na prótacail a comhaontaíodh nuair a rinneadh an bhreathnóireacht a phleanáil

Ní mór do bhaill FTG a ghlacfaidh páirt i mbreathnóireacht taifead a choinneáil ar an machnamh a dhéanfaidh siad ar a gcuid taithí breathnóireachta. Go hidéalach, ba chóir taifid den sórt sin a choinneáil go leictreonach chun go mbeidh sé éasca teacht orthu. Beidh spéis ag na taighdeoirí (ITES) arna gceapadh ag an gComhairle chun taifeadadh a dhéanamh ar a bhfoghlaimítear ón gclár píolótach iontu chomh maith, agus féadfar iad a roinnt leo i bhformáid gan ainmneacha a lua, nó faoi réir aird a thabhairt ar thoiliú feasach an MNC agus riachtanais chuí a bhaineann le heitic agus le cosaint sonraí.

## 6.3 Cad ba chóir a bheith mar fhócas na breathnóireachta?

Is cuma cén fhormáid bhreathnóireachta atá i gceist – chun go n-éireoidh léi ba chóir go mbeadh an bhreathnóireacht dírithe ar fhoghlaim agus ar theagasc na ndaltaí araon. Thairis sin, ba chóir go gcinnfear an fócas ag féachaint do chritéir na Comhairle (féach Cuid 2) agus, go háirithe, na réimsí ina bhfuil an tacaíocht is mó ag teastáil. Déanfar na réimsí sin a chinneadh sna comhráite gairmiúla leis an MNC agus le linn an phunann d'fhoghlaim ghairmiúil a thiomsú.

## 6.4 Cén cineál aiseolais ar chóir don FTG a sholáthar don MNC?

Moltar aiseolas a sholáthar do MNC go tráthúil. Ba chóir go mbeadh sé bunaithe ar fhianaise a bailíodh le linn na breathnóireachta agus ba chóir go mbeadh sé cuí do chéim an mhúinteora sa leanúntas d'oideachas múinteoirí. Ba chóir go mbeadh teachtaireachtaí aiseolais soiléir, cothrom agus macánta. Ba chóir foclaíocht atá oiriúnach chun plé a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim a úsáid chun iad a chur in iúl, agus ba chóir iad a sholáthar ar shlí atá spreagthach agus íogair. Go hidéalach, cabhróidh breathnóirí leis an MNC machnamh criticiúil a dhéanamh ar a c(h) leachtadh chun láidreachtaí, réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe, agus straitéisí féideartha chun feabhas a chur ar an gcleachtadh a aithint. Féadfar na machnaimh seo a chur isteach i bpunann foghlama gairmiúla an MNC ansin.

Tabhair cuairt ar www.teacherinduction.ie, le do thoil, chun sleachta ábhartha a léamh a thagann as an *Treoir don Ionduchtú agus don Mheantóireacht* de chuid an CNIM maidir le haiseolas a sholáthar.

## 6.5 An gcuirtear tacaíocht ar fáil do bhaill FTG chun cabhrú leo na scileanna a fhorbairt atá ag teastáil le haghaidh breathnóireachta agus aiseolais?

Cuirtear. Cuirtear oiliúint forbartha gairmiúla de chuid Droichead ar gach ball FTG maidir le gach gné de phróiseas Droichead. Is é an CNIM a chuireann an oiliúint seo ar fáil (féach Cuid 13 le haghaidh tuilleadh sonraí). Tá sé riachtanach go bhfreastalaíonn gach ball den FTG ar fhorbairt ghairmiúil.

## 6.6 Cé mhéad uair ar chóir do MNC breathnóireacht a dhéanamh ar chleachtadh múinteoirí eile mar chuid de phróiseas Droichead?

Tá breathnóireacht ar mhúinteoirí eile agus iad i mbun teagaisc ina príomhghné d'eispéireas Droichead. Mar aon lena lán gnéithe eile de Droichead, tá drogall ar an gComhairle líon na n-uaireanta ar chóir breathnóireacht a dhéanamh a fhorordú faoi láthair, mar is í cáilíocht na breathnóireachta, seachas méid na breathnóireachta, atá níos tábhachtaí. Moltar go ndéanfaidh an MNC breathnóireacht i seomra ranga dhá uair ar a laghad, agus gur chóir líon sonrach na n-uaireanta agus na ranganna a ndéanfar breathnóireacht orthu, a chinneadh ar bhonn plé idir an MNC agus an meantóir.

Cé go n-aithnítear go bhféadfadh sé sin difear a dhéanamh do lá teagaisc de bhaill eile na foirne, is léir ón taithí ar an meantóireacht go dtí seo go mbaineann an MNC agus an comhghleacaí ag a bhfuil níos mó taithí araon an-tairbhe as an gcineál sin oibre. Iarrann an Chomhairle ar mhúinteoirí ag a bhfuil taithí smaoineamh air sin agus iarratais ó MNCanna ar am breathnóireachta á gcur san áireamh acu.

Ag leibhéal na hiarbhunscoile, moltar go ndéanfaidh MNCanna breathnóireacht ar mhúinteoirí eile atá ag múineadh daltaí sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach, agus go mbeidh ranganna gnáthleibhéil agus ardleibhéil san áireamh araon. Nuair is féidir, ba chóir go mbainfeadh an bhreathnóireacht sin le hábhair sna réimsí ábhair inar ceapadh an MNC mar mhúinteoir, cé go bhfuil gach cineál breathnóireachta luachmhar. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair mhór don MNC breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí eile atá i mbun an rang nó na bliainghrúpaí céanna a mhúineadh is atá á múineadh aige nó aici.

## 6.7 Cad í an phunann d'fhoghlaim ghairmiúil?

Déanann an múinteoir nuacháilithe forbairt ar phunann d'fhoghlaim ghairmiúil de réir a chéile chun tacú leis an bpróiseas a bhaineann le machnamh a dhéanamh ar a chleachtadh nó a cleachtadh.

Tugann sí fócas do na comhráite gairmiúla atá ag

croílár Droichead, agus cuireann sí ar chumas an MNC réimsí a aithint ina bhféadfadh tacaíocht nó treoir a bheith ag teastáil uaidh nó uaithi.

Is punann ar leith í ón bhfilltteán socrúcháin scoile agus níor chóir don phleanáil sheachtainiúil a dhéanann MNCanna dá gclár oibre le haghaidh daltaí a bheith ar áireamh inti. Ní ionann í ach oiread agus na tuairiscí míosúla ar dhul chun cinn (cuntais mhíosúla) a ullmhaíonn múinteoirí bunscoile nuacháilithe.

Is le linn an phróisis a bhaineann leis an bpunann a chruthú a dhéantar an fhíorfhoghlaim, toisc gurb é an próiseas a chuireann ar chumas múinteoirí:

- na scileanna a fhorbairt a bheidh ag teastáil uathu chun meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar a gcuid pleananna agus cleachtaidh
- a láidreachtaí ar leithligh a aithint, mar aon le bealaí chun cur leis na láidreachtaí sin
- a riachtanais forbartha a aithint go tráthúil agus glacadh le freagracht as pleanáil a dhéanamh chun freastal ar na riachtanais sin
- léargais nua agus níos doimhne a fháil ar cad is brí le bheith i do mhúinteoir (féiniúlacht ghairmiúil)
- an réasúnaíocht atá mar bhunús a gcuid roghanna a chur in iúl (i dtéarmaí cur chuigí teagaisc, pleanáil, a FGL féin, etc.).

Tríd an méid uile thuasluaite a dhéanamh, cuireann múinteoirí lena gcumas cinntí gairmiúla a dhéanamh maidir lena bpunann, rud a fhágann go n-éiríonn an próiseas níos saibhre agus níos luachmhaire dá gcuid forbartha de réir a chéile.

Féadfaidh an phunann a bheith mar chóip chrua nó i bhfoirm leictreonach, ach meastar go mbeadh sé níos éasca do gach uile dhuine dá mbeadh sí i bhfoirm leictreonach.

Tá sé i gceist, tríd an gclár píolótach, go ndéanfaidh an ghairm iniúchadh ar cad é an fhormáid a thabharfaidh an tacaíocht is fearr do phróiseas na foghlama agus an mhachnaimh do mhúinteoirí.

## 6.8 Cé dó nó di a scríobhtar an phunann d'fhorbairt ghairmiúil?

Is don MNC féin go príomha a scríobhtar an Phunann d'Fhoghlaim Ghairmiúil. Is taifead í ar a aistear nó a haistear, agus ba chóir í a chur le chéile ar bhealach a thuigeann an MNC féin agus a chuirfidh ar a chumas nó ar a cumas súil siar a chaitheamh ar a chuid oibre nó a cuid oibre go héasca agus crostagairtí a dhéanamh de réir mar is cuí leis nó léi.

## 6.9 Conas a thacaíonn an phunann d'fhorbairt ghairmiúil le machnamh?

Is í an Phunann d'Fhoghlaim Ghairmiúiltaifead an MNC féin ar a aistear nó ar ahaistear foghlama mar ghairmí. Comhroinnfidh na múinteoirí (MNCanna agus FTGanna) atá ag glacadh páirte sa phróiseas samplaí praiticiúla ag cruinnithe cnuasaigh.

Toisc go mbaineann Droichead le próiseas seachas le ceann scríbe, agus toisc gurb é an cuspóir atá leis dul chun cinn seasta a dhéanamh seachas foirfeacht dho-aimsithe a bhaint amach, ba chóir go mbeadh an MNC bródúil as cur síos ionraic a dhéanamh ar an aistear atá déanta aige nó aici mar chleachtóir gairmiúil machnamhach. Ar an gcúis sin, moltar an machnamh a dhéantar ar cheachtanna nár éirigh go maith leo a chur ag croílár na gcomhráite gairmiúla le comhghleacaithe ina bpléitear bealaí chun feabhas a chur ar phleanáil, ar theagasc agus ar fhoghlaim.

Féadfar eolas faoi shealanna breathnóireachta nó tráchtanna a rinne baill den FTG agus a raibh tionchar acu ar an MNC nó a thug ábhar machnaimh dó nó di a áireamh sa chur síos ar an machnamh freisin. Moltar gur chóir don mhachnaimh aird a tharraingt ar phríomhphointí foghlama agus a léiriú go bhfuil an MNC ag déanamh athbhreithnithe ar a chur chuige nó a cur chuige múinteoireachta agus pleanála agus ag baint úsáid as bealaí nua agus cineálacha cur chuigí nua de réir mar is cuí. Beidh oscailteacht agus macántacht mhachnamh MNC ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh an phunann mar uirlis foghlama luachmhar dó nó di.

Is iad seo a leanas roinnt samplaí de cheisteanna a d'fhéadfadh MNC a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar a chuid cleachtaidh nó a cuid cleachtaidh:

- **a)** Cén cineál foghlama/ léargais/ scileanna/ dearcthaí/ meonta gairmiúla atá á chur ar fáil agam sa rang seo?
- **b)** Cén tionchar atá aige orm féin?
- **c)** Cén tionchar atá aige ar na daltaí?
- **d)** [Le linn breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí eile] Céard atá ar bun ag an múinteoir nach bhfuil sofheicthe? Cé na straitéisí agus na modheolaíochtaí is féidir liom a aithint? Conas a d'oibreoidís i mo rang féin?
- **e)** Cad iad na luachanna atá mar bhonn agus taca ag mo chuid múinteoireachta?
- **f)** Cad iad na heochairfhocail sa Chód Iompair Ghairmiúil a chuaigh i bhfeidhm orm?
- **g)** Conas a léirítear an fhís a chuirtear in iúl sa Chód i mo mhúinteoireacht féin? Cé chomh mór agus atá an bhearna idir an dá rud? Conas is féidir liom fáil réidh leis an mbearna sin i mo chleachtadh laethúil?

Gan amhras, ar aon dul leis an bhfoghlaim fhéintreoraithe, féadfaidh an MNC ceisteanna nó saincheisteanna eile a roghnú chun tacú lena phróiseas nó lena próiseas machnaimh nó chun é a threorú.

# 7 Taifead ar phróiseas Droichead a chothabháil

## 7.1 Cén taifead a mbeifear ag súil leis an MNC a choinneáil i ndáil lena eispéireas nó lena heispéireas?

Beifear ag súil leis go ndéanfaidh MNCanna taifead a chothabháil i ndáil le próiseas Droichead. Ba chóir go mbeadh ar áireamh ann taifead ar na torthaí comhaontaithe i ndiaidh na gcomhráite gairmiúla iarbhreathnóireachta. Tá taifead chun torthaí na breathnóireachta a thaifeadadh ar fáil ón CNIM. Nuair a bheidh an taifead comhaontaithe idir an MNC agus an múinteoir ag a bhfuil taithí a rinne breathnóireacht ar chleachtadh an MNC, ba chóir don MNC é a roinnt leis an FTG. Is gá na prótacail seo a chomhaontú ag tús an phróisis.

Ba chóir don MNC taifead ar chomhráite gairmiúla eile a chothabháil freisin agus, mar a mhínítear thuas, ba chóir é a chomhaontú le cibé baill den FTG a ghlac páirt iontu. Go hidéalach, ba chóir taifid den tsórt sin a choinneáil go leictreonach chun go mbeidh sé éasca teacht orthu agus iad a roinnt le baill den FTG agus le taighdeoirí le linn na céime píolótaí.

Agus taifid ar phróiseas Droichead á gcothabháil aige nó aici, ba chóir go mbeadh meas ag an MNC ar phríobháideachas daoine eile agus ar rúndacht faisnéise a fhaightear le linn an phróisis. Ba chóir go mbeadh sé nó sí aireach ar riachtanais a bhaineann le heitic agus cosaint sonraí chomh maith, agus sonraí a úsáid gan ainm a lua leo nuair is cuí, agus aon bheart is gá a dhéanamh chun rochtain ar fhaisnéis íogair a theorannú.

## 7.2 Cén taifead a mbeifear ag súil leis an FTG a choinneáil i ndáil le Droichead?

Coinneoidh baill FTG nótaí faoin mbreathnóireacht a dhéanfaidh siad ar chleachtadh MNC agus tabharfaidh na nótaí sin treoir do na torthaí comhaontaithe a thaifeadfaidh MNC i ndiaidh an chomhrá ghairmiúil iar-bhreathnóireachta. Tá teimpléad le haghaidh na breathnóireachta agus chun torthaí breathnóireachta a thaifeadadh ar fáil ón CNIM agus cuirfear treoir ar fáil ar conas teimpléid den tsórt sin a úsáid do gach ball FTG mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil.

Tá sé ríthábhachtach go gcoinneoidh baill FTG taifead éigin ar an machnamh a dhéanfaidh siad ar a gcuid taithí chun an t-eolas uile is cuí a chur ar fáil don tionscadal taighde. Go hidéalach, ba chóir taifid den sórt sin a choinneáil go leictreonach chun go mbeidh sé éasca teacht orthu agus iad a roinnt le taighdeoirí le linn na céime píolótaí.

Agus taifid ar phróiseas Droichead á gcothabháil acu, ba chóir go mbeadh meas ag baill FTG ar phríobháideachas daoine eile agus ar rúndacht faisnéise a fhaightear le linn an phróisis. Ba chóir go mbeadh siad aireach ar riachtanais a bhaineann le heitic agus cosaint sonraí chomh maith, agus sonraí a úsáid gan ainm a lua leo nuair is cuí, agus aon bheart is gá a dhéanamh chun rochtain ar fhaisnéis íogair a theorannú.

## 7.3 Cé chomh fada ar chóir do scoil taifid i ndáil le próiseas Droichead a choinneáil?

Tá próiseas dearbhaithe cáilíochta agus sásra achomharc le haghaidh Droichead curtha i bhfeidhm ag an gComhairle. Déantar cur síos achomair orthu sin i gCodanna 8 agus 10 faoi seach. D'fhonn na próisis sin a éascú, iarrtar ar scoileanna na taifid a bheidh cruthaithe acu a choinneáil faoi réir a mbeartas maidir le cosaint sonraí. Tuigeann an Chomhairle gur eisíodh fógra comhairleach chuig na scoileanna go léir maidir leis an ról a bhíonn acu i ndáil le sonraí a chosaint. Moltar do scoileanna nach bhfuil cinnte faoi na hoibleagáidí atá orthu sa réimse sin féachaint ar an *Treoir le haghaidh Rialaitheoirí Sonraí* a bhí i gceangal leis an bhfógra comhairleach sin. Tá tuilleadh faisnéise maidir le cosaint sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara um Chosaint Sonraí, www.dataprotection.ie.

Má fhágann an MNC scoil tar éis cuid de phróiseas Droichead nó an próiseas iomlán a thabhairt chun críche, ba chóir cóip de na taifid uile atá i seilbh na scoile i ndáil leis an bpróiseas sin a thabhairt dó nó di.

# 8 Comhleanúnachas a chinntiú

## 8.1 Cad iad na próisis dearbhaithe cáilíochta atá i bhfeidhm?

Toisc gur clár píolótach é próiseas Droichead agus go mbeidh tionchar suntasach ag toradh an phróisis ar aistear gairmiúil an MNC, tá sé ríthábhachtach go mbeidh córais láidre i bhfeidhm chun cáilíocht agus comhleanúnachas an phróisis, mar aon le cáilíocht agus comhleanúnachas na moltaí a dhéantar ag deireadh an phróisis, a dhearbhú. Is iad seo a leanas na sásraí atá i bhfeidhm:

**a)** Beidh ról rialachais tábhachtach ag an bpríomhoide maidir lena chinntiú go ndéanann an FTG atá ceaptha aige nó aici próiseas Droichead a reáchtáil mar is cuí.

**b)** Tugann na cruinnithe cnuasaigh deis do FTGanna bualadh le chéile agus plé a dhéanamh ar na critéir agus ar na bealaí ina bhféadfadh MNCanna a léiriú go bhfuil na critéir sin comhlíonta acu. Déanfar na moltaí a chuirfidh FTGanna faoi bhráid na Comhairle a mheasrú ar an dóigh sin.

**c)** Bíonn ról tábhachtach ag an gCigireacht maidir le cáilíocht a dhearbhú:

- cuireann sí comhairle ar FTGanna, agus
- déanann sí obair MNC a mheas, nuair a iarann an príomhoide uirthi é a dhéanamh amhlaidh.

Féadfar iarraidh ar an gCigireacht freisin cigirí a ainmniú a fheidhmeoidh mar athbhreithneoirí seachtracha ar phainéil athbhreithniúcháin a bhunóidh an Chomhairle chun cáilíocht phróiseas Droichead a dhearbhú nó ar phainéil achomharc a bhunóidh an Chomhairle (féach Cuid 10).

**d)** Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta painéil athbhreithniúcháin a bhunú chun cáilíocht phróiseas Droichead a dhearbhú. Ar gach painéal tá cathaoirleach neamhspleách, múinteoir cleachtach ón earnáil iomchuí agus duine a bhfuil saineolas aige nó aici maidir le tacaíocht a thabhairt do theagasc agus foghlaim ag leibhéal na scoile nó meastóireacht a dhéanamh ar an gcéanna. Tugann an painéal athbhreithniúcháin cuairt ar roinnt scoileanna inar reáchtáladh próiseas Droichead. Pléitear an próiseas leis an bPríomhoide, an FTG agus an MNC, agus déantar athbhreithniú ar thaifid an FTG agus an MNC i ndáil leis an bpróiseas. Is cuairteanna réamhshocraithe iad na cuairteanna sin a reáchtálfar i gcomhthéacs na comhghleacaíochta agus an chomhoibrithe. Tar éis an t-athbhreithniú a dhéanamh, cuireann an painéal tuarascáil faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta ina leagtar amach tátail agus moltaí i ndáil leis an bpróiseas. Déanann an Chomhairle an tuarascáil sin a bhreithniú agus tar éis di í a dhaingniú déantar í a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus a scaipeadh ar an CNIM agus ar an gCigireacht.

**e)** Tá sásra achomharc i bhfeidhm áit a gceapann na MNCanna nár úsáideadh na próisis chuí.

# 9 Próiseas Droichead a thabhairt chun críche

## 9.1 Cathain a thagann próiseas Droichead chun críche?

Go hidéalach, tabharfaidh an MNC faoi phróiseas Droichead ar feadh na tréimhse ama ina bhfuil sé nó sí sap host atá aitheanta do phróiseas Droichead. Aontóidh an FTG i gcomhairle leis an MNC an amlíne don phróiseas. Caithfidh tréimhse de 50 lá scoile as a chéile ar a laghad in aon suíomh ranga amháin a bheith tugtha chun críche ag múinteoir bunscoile nuacháilithe sular féidir le FTG moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta maidir lena chleachtadh nó lena cleachtadh gairmiúil.

Caithfidh múinteoir iarbhunscoile nuacháilithe tréimhse 100 uair an chloig ar a laghad a chaitheamh ag múineadh ábhar curaclaim iarbhunscoile amháin nó níos mó do rang ainmnithe ar chlár ama na scoile sular féidir le FTG moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta maidir lena chleachtadh nó lena cleachtadh gairmiúil.[9]

Ba chóir a thabhairt faoi deara gur **íostréimhsí** cleachtaidh iad na tréimhsí seo, agus más rud é go mbíonn tréimhse chleachtaidh MNC i scoil níos faide ná na tréimhsí sin, creideann an Chomhairle gur fearr gan moladh a chur faoi bhráid na Comhairle go dtí go mbeidh a thréimhse nó a tréimhse sa scoil beagnach caite.

Is féidir leis an FTG tréimhse bhreise de chleachtadh gairmiúil a mholadh freisin ionas gur féidir le MNC leas a bhaint as tacaí breise chun cabhrú lena fhorbairt nó lena forbairt.

## 9.2 Cad a tharlaíonn ag deireadh phróiseas Droichead?

Nuair a bheidh MNC ag teacht chun deiridh de phróiseas Droichead, de réir na gcreatlaí tagartha táscaí a comhaontaíodh ag tús an phróisis (féach Cuid 5), reáchtálfar comhrá gairmiúil idir MNC agus baill FTG. Faoin tráth sin, beifear ag dréim leis go mbeidh MNC tar éis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- íostréimhse de chleachtadh gairmiúil (tréimhse amháin 50 lá i bhfad ar a laghad i gcás múinteoirí bunscoile, agus tréimhse 100 uair an chloig i gcás múinteoirí iarbhunscoile) a thabhairt chun críche
- páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí ionduchtúcháin scoilbhunaithe, arna mbunú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ar bhealach gairmiúil
- a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí don teagasc agus don fhoghlaim ar ardchaighdeán agus a léiriú gur féidir leis nó léi oibriú go neamhspleách mar mhúinteoir cáilithe, cláraithe.

## 9.3 Cén fhoirm ar chóir a úsáid chun moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta?

Ba chóir **Foirm A** de chuid na Comhairle Múinteoireachta a úsáid chun moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta. Tá an fhoirm sin ar fáil ar www.teachingcouncil.ie agus in Aguisín A den Treoir seo. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar an bhfoirm agus má tá gach rud ann in ord, bainfear coinníoll Droichead, mar is cuí, de thaifead clárúcháin an MNC agus seolfar dearbhú i scríbhinn chuig an múinteoir i ndáil leis sin.

## 9.4 Cathain ba chóir Foirm A a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta?

Níor chóir do MNCanna an fhoirm a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta **ach amháin** nuair atá próiseas Droichead curtha i gcrích acu, íostréimhsí de chleachtadh gairmiúil san áireamh. Ba chóir cóip den ríomhphost ó Ionad Oideachais Luimnigh a bheith ceangailte ag MNCanna ina ndeimhnítear go bhfuil an fhoirm DR1 comhlánaithe agus curtha isteach acu, i.e., go bhfuil siad cláraithe do phróiseas Droichead.

## 9.5 An féidir le múinteoir aonair moladh i ndáil le MNC a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta gan dul i gcomhairle le comhghleacaithe eile?

I mbeagnach gach cás, beidh moladh déanta ag roinnt múinteoirí ag a bhfuil taithí, a bheidh ag obair i gcomhar lena chéile. D'fhéadfadh sé tarlú, áfach, nach mbeidh ar chumas príomhoide FTG a bhunú, mar gheall ar mhéid na scoile, mar shampla. I gcásanna den tsórt sin, féadfaidh sé nó sí féachaint ar an bhféidearthacht maidir le nasc a dhéanamh le scoil nó scoileanna eile agus FTG idirscoile a bhunú, nó féadfaidh sé nó sí an moladh a chur faoi bhráid na Comhairle é nó í féin. I gcásanna eile, nuair nach mbeidh ina mbaill den FTG ach an príomhoide, meantóir agus ball comhlach seachtrach ó scoil eile, féadfaidh an príomhoide a roghnú gan páirt

9 Tá roinnt eisceachtaí ann. Is féidir tuilleadh mionsonraí a fháil ó *Nósanna Imeachta le haghaidh Ionduchtúcháin agus Nósanna Imeachta agus Critéir le haghaidh Promhaidh 2015/2016*.

a ghlacadh sa phróiseas a bhaineann le moladh faoin MNC a chur faoi bhráid na Comhairle, agus nach mbainfidh a ról ach le tacaíocht a thabhairt d'ionduchtú an MNC agus lena dhearbhú gur rinneadh an próiseas. I gcásanna den tsórt sin, is é an ball comhlach seachtrach den FTG amháin a chuirfeadh moladh faoi bhráid na Comhairle gur chóir coinníoll Droichead a bhaint de chlárú MNC.

## 9.6 Cad iad na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar phróiseas Droichead?

Ag deireadh phróiseas Droichead, d'fhéadfadh ceann de na tuairimí seo a leanas a bheith ag an FTG:

- tá riachtanas Droichead comhlíonta ag an MNC (féadfaidh sé seo a bheith faoi réir tréimhsí breise de chleachtadh gairmiúil a chur isteach)
- tá gá le tréimhse bhreise de chleachtadh gairmiúil agus tacaí breise sular féidir moladh a dhéanamh
- tá cúnamh ón gCigireacht ag teastáil.

## 9.7 An dtiocfaidh an tacaíocht agus an bhreathnóireacht chun deiridh nuair a bheidh Foirm comhlánaithe agus nuair a bheidh an moladh déanta gur chóir an MNC a chlárú go hiomlán?

Ní thiocfaidh. Go hidéalach, ba chóir go leanfaidh na próisis tacaíochta ar aghaidh fad a bheidh an MNC sa scoil sin agus tar éis na tréimhse sin, fiú amháin. Nuair a thagann próiseas Droichead chun críche, níl múinteoir ach ag tús an aistir a bhaineann le foghlaim agus fás, aistear a leanfaidh ar feadh an tsaoil.

## 9.8 Cad a dhéanfaidh FTG mura bhfuil sí cinnte go bhfuil ar a cumas moladh a chur faoi bhráid na Comhairle?

Baineann Droichead go bunúsach le haistear gairmiúil na MNCanna ón tráth a bhaineann sé nó sí cáilíocht amach go dtí go ndéantar é nó í a chlárú go hiomlán, agus le próiseas foghlama an MNC agus é nó í ag idirghníomhú le comhghleacaithe ag a bhfuil níos mó taithí, agus de réir mar a dhéanann sé nó sí machnamh ar na comhráite gairmiúla a eagraítear agus ar a chleachtais nó ar a cleachtais teagaisc féin. Moltar don FTG gach deis a thapú chun saincheisteanna agus dúshláin a phlé de réir mar a thagann siad chun cinn, agus raon tacaí a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas an MNC aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus foghlaim uathu. Moltar di freisin tacaíocht, comhairle agus treoir bhreise a lorg nuair is gá. Dá chuimsithí a bhíonn an tacaíocht a chuirtear ar fáil, agus dá mhéad a bhíonn leibhéal rannpháirteachais oscailte gach duine a ghlacfaidh páirt, is ea is fearr don MNC é.

Mura bhfuil an FTG cinnte, ag féachaint do chleachtadh MNC, cibé acu an cuí nó nach cuí moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta, féadfaidh an FTG treoir a lorg ag na cruinnithe cnuasaigh nó trí na córais ghutháin nó ríomhphoist a bhunófar chun tacú le FTGanna.

Tá an CNIM in ann tacaí breise a chur ar fáil tríd an seirbhís tacaíochta scoile. Is é is cuspóir don tseirbhís sin tacaíocht agus treoir a thabhairt don FTG agus don MNC, lena n-áirítear tacaí gutháin/ríomhphoist, cuairteanna ar an scoil, pleanáil gníomhaíochta, etc. Sa chás go bhfuil an FTG fós imníoch, tar éis tacaí den tsórt sin a bheith curtha ar fáil, faoi dheimhniú a dhéanamh gur éirigh leis an MNC Droichead a chríochnú go sásúil, féadfaidh sí cinneadh a dhéanamh go mbainfeadh an MNC tairbhe as tréimhse bhreise de chleachtadh gairmiúil agus as tacaí breise sula ndéanfar moladh. Tar éis am breise agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil, féadfaidh an FTG, i gcomhairle leis an CNIM, cinneadh a dhéanamh cúnamh a iarraidh ón gCigireacht. Déantar é seo trí Fhoirm DR2OCI ar féidir a iarraidh ó Ionad Oideachais Luimnigh trí ríomhphost a chur chuig probation@lec.ie. Ba chóir don phríomhoide an fhoirm chomhlánaithe a chur faoi bhráid Oifig an Phríomh-Chigire.

Agus athbhreithniú déanta ar an aighneacht, déanfaidh an Chigireacht na nithe seo a leanas:

- breathnóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chleachtadh an MNC
- aiseolas ó bhéal a thabhairt dó nó di agus don phríomhoide (nó do mhúinteoir cláraithe eile atá ainmnithe ag an bpríomhoide)
- moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta.

Ní mór a mhíniú go soiléir nár chóir cúnamh a iarraidh ón gCigireacht ach amháin má theipeann ar gach iarracht aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí an MNC trí thacaí, treoir agus comhairle eile a sholáthar. Más rud é nach n-éiríonn le MNC a léiriú laistigh den tréimhse ama a bheartaítear ag tús an phróisis, go gcomhlíonann sé nó sí critéir Droichead, tá seans maith ann nach mbeidh ag teastáil ach am breise agus treoir bhreise, agus nach gá cúnamh a lorg ón gCigireacht ar an bpointe.

## 9.9 Cad a tharlóidh más dóigh le FTG go bhfuil am breise ag teastáil ó MNC?

Sa chás gur dóigh leis an FTG go bhfuil am breise de dhíth chun moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta, féadfar síneadh ama a chur le próiseas Droichead. Leanfar ar aghaidh ag déanamh breathnóireachta ar an gcleachtadh chomh maith, agus féadfar plé breise a dhéanamh ar aiseolas le linn na gcomhráite gairmiúla a bheidh mar chuid den phróiseas tacaíochta leanúnach don MNC. Féadfar tacaí breise a iarraidh ón CNIM de réir mar is cuí. Ag deireadh na tréimhse sin, eagrófar comhrá gairmiúil eile leis an FTG. Más gá, féadfaidh an FTG a chinneadh, i gcomhairle leis an CNIM, cúnamh a iarraidh ón gCigireacht.

Nuair a chinneann an FTG go bhfuil cúnamh ón gCigireacht ag teastáil, ba chóir don phríomhoide iarratais den tsórt sin a dhéanamh. Ba chóir na hiarratais a dhéanamh chuig Oifig an PhríomhChigire ar Fhoirm DR2OCI. Is féidir an fhoirm sin a iarraidh ó Ionad Oideachais Luimnigh trí ríomhphost a chur chuig probation@lec.ie.

Tá an CNIM ar fáil chun tacaí breise a chur ar fáil tríd an seirbhís tacaíochta scoile.



# 10 Gearáin agus achomhairc

## 10.1 Cad iad na sásraí gearán atá ar fáil?

Ba cheart d'aon MNC atá imníoch faoi aon ghné de phróiseas Droichead déileáil leis na cúiseanna imní sin a luaithe agus is féidir. Is féidir leis nó léi na hábhair imní a ardú go neamhfhoirmiúil ar dtús lena mheantóir nó lena meantóir, nó is féidir leis nó léi iad a ardú ar shlí níos foirmiúla sna comhráite gairmiúla leis an FTG, más gá sin i bhfianaise chineál na n-ábhar imní atá i gceist.

Sa chás go mbraitheann an MNC nach bhfuil aghaidh á tabhairt ar na hábhair imní ar bhealach sásúil, féadfaidh sé nó sí teagmháil a dhéanamh leis an CNIM.

## 10.2 Cad iad na sásraí achomharc atá ar fáil?

Ag an leibhéal bunscoile, ní mór do mhúinteoir atá ag iarraidh coinníoll Droichead a chomhlíonadh tréimhse chleachtaidh ghairmiúil nach lú ná 100 lá (nó 120 lá i gcúinsí áirithe) a thabhairt chun críche. Ag an leibhéal iarbhunscoile, ní mór do mhúinteoir tréimhse chleachtaidh ghairmiúil nach lú ná 300 uair an chloig a thabhairt chun críche.

Más rud é, ag deireadh na tréimhse sin, tar éis leas a bheith bainte as na nósanna imeachta gearán a mhínítear sa Chuid seo (féach thuas), gur dóigh le MNC nár reáchtáladh próiseas Droichead de réir na bprionsabal agus na nósanna imeachta[10] arna leagan síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta, féadfaidh sé nó sí achomharc a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta.

Ní mór achomhairc den sórt sin a chur isteach i scríbhinn laistigh d'aon mhí amháin ó dheireadh na tréimhse cleachtaidh iomchuí atá leagtha amach thuas. Ba chóir go mbeadh an fhianaise dhoiciméadach seo a leanas a áireamh sna haighneachtaí:

- ainm agus uimhir chlárúcháin an MNC
- an scoil ina raibh próiseas Droichead ar siúl agus uimhir rolla lena mbaineann
- an tréimhse ina raibh próiseas Droichead ar siúl, agus
- mionsonraí phróiseas Droichead a rinne an MNC a thaifeadadh ina phunann nó ina punann ghairmiúil, agus na cúiseanna ar dóigh leis nó léi nár reáchtáladh próiseas Droichead de réir na bprionsabal agus na nósanna imeachta arna leagan síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

Déanann painéal achomharc ar a bhfuil comhaltaí de chuid na Comhairle agus athbhreithneoirí seachtracha achomhairc a bhreithniú. Beidh ceann amháin den dá thoradh seo a leanas ar achomharc:

**a)** cinneadh gur reáchtáladh próiseas Droichead de réir na bprionsabal agus na nósanna imeachta arna leagan síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus gur chóir go seasfadh toradh an phróisis, nó

**b)** cinneadh nár reáchtáladh próiseas Droichead de réir na bprionsabal agus na nósanna imeachta arna leagan síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus gur chóir toradh an phróisis a chur ar leataobh agus, de réir mar is cuí, an tréimhse ama nach mór coinníoll Droichead a chomhlíonadh lena linn a shíneadh ar feadh tréimhse forordaithe.

Déanfar toradh an achomhairc a chur in iúl i scríbhinn don MNC agus do phríomhoide na scoile inar reáchtáladh próiseas Droichead.

10 Leagtar na prionsabail amach in Droichead: *Beartas maidir le Samhail Nualonduchtúcháin agus Phromhaidh.* Leagtar na nósanna imeachta amach in Nósanna Imeachta le haghaidh Ionduchtúcháin agus Nósanna Imeachta agus Critéir le haghaidh Promhaidh, 2015/16.

# 11 Ról na Cigireachta maidir le Droichead

## 11.1 Cén ról a bhíonn ag an gCigireacht maidir le Droichead?

Tá an Chigireacht fós rannpháirteach san ionduchtú agus sa phromhadh trí phróiseas Droichead, cé go bhfuil an cineál rannpháirteachais sin an-éagsúil leis an gcineál rannpháirteachais bhíodh i gceist cheana. Tá an Chigireacht rannpháirteach ar bhealaí éagsúla:

**a)** Tugann sí tacaíocht do FTGanna trí fhreastal ar fhorbairt ghairmiúil FTG agus/nó ar na cruinnithe cnuasaigh a bhíonn ar siúl in ionaid oideachais. Tagann sé seo leis an mbéim atá á leagan ar an bprionsabal gurb iad na daoine atá ag croílár córais ar bith na daoine is fearr chun an córas a chur i bhfeidhm, agus gur cheart cabhrú leo é sin a dhéanamh. Leis sin, cinntítear go mbíonn cigirí ar fáil do chnuasaigh scoileanna seachas do scoileanna aonair, rud a fhágann gur féidir an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na Cigireachta.

**b)** Tá sí ar fáil le tacaíocht leanúnach ghutháin agus ríomhphoist a chur ar fáil do FTGanna, i gcomhar leis an CNIM (agus le seirbhísí tacaíochta eile cosúil leis an Seirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí).

**c)** I gcás deacrachtaí gairmiúla a bheith ag MNC i scoil phíolótach, agus sa chás go leanann na deacrachtaí sin ar aghaidh tar éis don CNIM tacaí breise a shocrú dó nó di, tá an Chigireacht in ann cúnamh a thabhairt má iarrtar uirthi é a dhéanamh amhlaidh. Ba chóir don phríomhoide iarratais den tsórt sin a chur chuig Oifig an Phríomh-Chigire, tar éis dul i gcomhairle leis an CNIM, trí Fhoirm DR2OCI a chomhlánú ar féidir a iarraidh ó Ionad Oideachais Luimnigh trí ríomhphost a chur chuig probation@lec.ie. Déanann an Chigireacht obair an MNC a mheas ansin agus cuireann sí moladh faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta.

**d)** Ar iarratas ón gComhairle Mhúinteoireachta, féadfaidh sí cigire a ainmniú a ghníomhóidh mar athbhreithneoir seachtrach ar phainéal athbhreithniúcháin arna cheapadh ag an gComhairle Mhúinteoireachta le cáilíocht phróiseas Droichead a dhearbhú (féach Cuid 8).

**e)** Ar iarratas ón gComhairle Mhúinteoireachta, féadfaidh sí cigire a ainmniú a ghníomhóidh mar athbhreithneoir seachtrach ar phainéal achomharc a bhunóidh an Chomhairle (féach Cuid 10).

## 11.2 Conas is féidir ionchur a iarraidh ón gCigireacht?

Mura bhfuil an FTG cinnte, ag féachaint do chleachtadh MNC, cibé acu an cuí nó nach cuí a dhearbhú gur comhlíonadh Droichead ar bhealach sásúil, tá an CNIM ar fáil chun tacaí breise a chur ar fáil don MNC agus treoir a sholáthar don FTG, de réir mar is cuí. Más rud é go bhfuil an FTG fós imníoch, tar éis idirghabhála den tsórt sin, faoina dhearbhú gur comhlíonadh Droichead ar bhealach sásúil, féadfaidh sé a chinneadh go mbainfeadh an MNC tairbhe as tréimhse bhreise de chleachtadh gairmiúil agus as tacaí breise sula ndéanfar moladh. Tar éis am breise agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil, agus tar éis dul i gcomhairle leis an CNIM arís, féadfaidh an FTG cinneadh a dhéanamh cúnamh a iarraidh ón gCigireacht. Déantar iarratais den tsórt sin trí Fhoirm DR2OCI a chomhlánú. Is féidir an fhoirm sin a iarraidh ó Ionad Oideachais Luimnigh trí ríomhphost a chur chuig probation@lec.ie. Ba chóir don phríomhoide í a chur faoi bhráid Oifig an Phríomh-Chigire. Déanfaidh an Chigireacht na nithe seo a leanas ansin:

- breathnóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chleachtadh an MNC
- aiseolas ó bhéal a thabhairt dó nó di agus don phríomhoide (nó múinteoir cláraithe eile atá ainmnithe ag an bpríomhoide)
- moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta.

# 12 An clár píolótach

## 12.1 Conas a ghlacfaidh scoil páirt in Droichead?

Iarrtar ar scoileanna a bhfuil spéis acu i bpáirt a ghlacadh in Droichead an Fhoirm chun Spéis a Léiriú, atá ar fáil ar www.teacherinduction.ie agus ar www.teachingcouncil.ie, a chomhlánú.

## 12.2 Cad a tharlaíonn má bhíonn spéis ag scoil ach nach bhfuil a fhios aici go fóill an mbeidh MNC aici i mbliana?

Sa chás nach bhfuil aon MNC ag obair i scoil, ach gur dóigh leis an scoil go mbeidh folúntas ann go luath, is féidir leis an scoil iarratas a dhéanamh páirt a ghlacadh sa chlár píolótach agus leas a bhaint as an oiliúint agus na tacaí atá ar fáil chun go mbeidh sí réidh chun oibriú le MNCanna amach anseo.

## 12.3 Cad é an spriocdháta do scoileanna ar mian leo páirt a ghlacadh sa chlár píolótach?

Tuigeann an Chomhairle go bhfostaítear MNCanna i scoileanna ag amanna éagsúla i rith na bliana. Ar an gcúis sin, ní bheidh gach scoil ar mian leo páirt a ghlacadh rannpháirteach sa chlár píolótach ó thús na scoilbhliana. Tá an Chomhairle sásta cead a thabhairt do scoileanna páirt a ghlacadh sa chlár píolótach am ar bith le linn na scoilbhliana, chomh fada is go mbeidh sé soiléir go mbeidh an MNC ag fanacht sa scoil ar feadh íostréimhse chleachtaidh amháin (tréimhse bhloic 50 lá i gcás múinteoirí bunscoile, agus 100 uair an chloig i gcás múinteoirí iarbhunscoile) ar a laghad, agus go bhfuil sé indéanta páirt a ghlacadh ann ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil agus don ghá go dtabharfar tacaíocht leordhóthanach do FTG.

Féadfar solúbthacht bhreise (maidir le spriocdháta chun dul isteach sa chlár píolótach) a cheadú i gcás scoileanna nach bhfuil MNC fostaithe iontu faoi láthair ach ar mian leo páirt a ghlacadh i gclár píolótach Droichead in ionchas MNC a fhostú.

## 12.4 Conas a roghnaítear scoileanna?

Tar éis don Chomhairle Mhúinteoireachta na léirithe spéise uile a bhreithniú, déanann sí scoileanna píolótacha a roghnú i gcomhairle leis an CNIM, ag féachaint do na nithe seo a leanas:

- láthair na scoileanna agus an gá a chinntiú go bhfaighidh siad an leibhéal tacaíochta a bhfuil gá leis, agus
- aicmí na scoileanna, agus an gá a chinntiú go mbeidh an clár píolótach ionadaíoch don mhéid is mó is féidir de na hearnálacha bunscoile agus arbhunscoile, agus de na suíomhanna éagsúla sna hearnálacha sin, lena n-áirítear:
  - scoileanna speisialta
  - scoileanna DEIS
  - scoileanna Gaeltachta, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí
  - meánscoileanna deonacha
  - scoileanna pobail agus cuimsitheacha
  - scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna
  - scoileanna ina bhfuil príomhoidí riaracháin
  - scoileanna ina bhfuil príomhoidí teagaisc
  - Ionaid Oideachais ina múintear ábhair churaclaim iarbhunscoile do dhaoine chun iad a ullmhú do scrúduithe Stáit.

## 12.5 An dtabharfar aitheantas ar bith do scoileanna a ghlacann páirt sa chlár?

Ardaíodh an cheist seo go minic le linn an chomhairliúcháin a rinneamar le páirtithe leasmhara. Tuigimid go bhfuil na scoileanna a ghlacfaidh páirt sa chlár ag glacadh páirte ar bhonn dea-thola ar mhaithe leis an ngairm agus leis na daltaí/mic léinn a bhíonn á múineadh acu. Tabharfar aitheantas don obair sin trí acmhainní agus tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna rannpháirteacha, mar atá mínithe i gCuid 13.

## 12.6 Conas a dhéanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an méid a fhoghlaimeofar ón gclár píolótach a Thaifeadadh?

Tá gníomhaireacht taighde (ITES) ceaptha ag an gComhairle chun na rudaí a fhoghlaimeofar ón gclár píolótach a thaifeadadh faoi na ceannteidil leathana seo a leanas:

- éifeachtacht na dtacaí agus na n-acmhainní do na múinteoirí a ghlacann páirt in Droichead (MNCanna, meantóirí, príomhoidí agus baill eile FTG)
- cé chomh cuí agus atá na critéir agus na táscairí dea-chleachtais a forbraíodh trí mheán Droichead
- éifeachtacht agus cothroime na nósanna imeachta agus na bprótacal arna n-úsáid ag FTGanna chun moladh i ndáil le stádas clárúcháin an MNC a chur faoi bhráid na Comhairle
- éifeachtacht eispéireas Droichead ó thaobh duine a ionduchtú i ngairm na múinteoireachta, agus
- na príomhphointe a bhí le foghlaim ó thionscadal píolótach Droichead, a éascóidh príomhshruthú próisis éifeachtaigh ionduchtúcháin agus promhaidh do gach múinteoir.

Agus iad ag tabhairt aghaidh ar na ceisteanna taighde, déanfaidh an ghníomhaireacht taighde tuairimí a fháil ó MNCanna maidir le héifeachtacht shamhail Droichead tríd is tríd, mar aon le tuairimí ó phríomhoidí agus ó bhaill FTGanna faoi cibé acu an éiríonn nó nach n-éiríonn le Droichead an prionsabal a bhaineann le rialáil faoi stiúir gairmiúil a chur chun cinn go héifeachtach. Iarradh uirthi freisin eiseamláirí de dhea-chleachtas arna n-aimsiú le linn an tionscadail a aithint agus a thaifeadadh. Agus an obair seo á déanamh, caithfidh an ghníomhaireacht taighde aird a thabhairt ar shaincheisteanna cuí i ndáil le heitic agus a chinntiú go mbeidh toiliú feasach tugtha ag gach duine a bheidh páirteach inti.

Tá Grúpa Oibre MNC agus Grúpa Oibre Príomhoide bunaithe ag an gComhairle chun tuilleadh iniúchta agus plé a dhéanamh ar ghnéithe de phróiseas Droichead.

Tabharfaidh torthaí agus moltaí a eascróidh as an taighde treoir don tsamhail a bheidh ceadaithe ag an gComhairle ar deireadh, ar samhail í a bheidh le príomhshruthú nuair a bheidh an clár píolótach thart. Dá bhrí sin, is faoin ngairm atá sé mionsonraí an ionduchtúcháin agus an phromhaidh amach anseo a chinneadh. Ar an mbonn sin, tabharfaidh rannpháirteachas sa chlár píolótach deis iontach dóibh tionchar díreach a imirt ar an bpróiseas seo, i gcomhthéacs ghnáthshaol laethúil na scoile.

## 12.7 Cén leibhéal caidrimh a bheidh idir scoileanna agus an taighdeoir (na taighdeoirí) a ceapadh chun meastóireacht a dhéanamh ar an gclár píolótach?

Sa taighde tá obair áirithe d'fhócasghrúpa agus roinnt suirbhéanna. Mar gheall ar a thábhachtaí is atá sé foghlaim ó mhúinteoirí cleachtacha, is dócha go n-iarrfar ar MNCanna, meantóirí, príomhoidí agus baill eile FTG eolas a thabhairt le linn an phróisis taighde. Tá sparánacht taighde á cur ar fáil do scoileanna píolótacha chun aon chostais a ghlanadh a d'fhéadfadh a bheith i gceist le páirt a ghlacadh sa taighde, cosúil le caiteachais taistil nó costais a bhaineann le múinteoir ionaid. Féach Cuid 13 le haghaidh faisnéis faoi na tacaí atá ar fáil do scoileanna píolótacha.

# 13 Ag tacú le scoileanna píolótacha

## 13.1 Cad iad na tacaí atá ar fáil do scoileanna píolótacha?

Sa chás go roghnaíonn scoil páirt a ghlacadh in Droichead, cuirtear raon tacaí ar fáil don scoil agus don FTG go háirithe. Áirítear na nithe seo a leanas ar na tacaí sin:

**a)** Faigheann gach ball FTG **forbairt ghairmiúil** i ndáil le gach gné de phróiseas Droichead. Cuirtear é seo ar fáil trí úsáid a bhaint as cur chuige foghlama cumaisc, i.e., os comhair a chéile agus ar líne. Cuirfidh an CNIM tuilleadh sonraí ar fáil.

**b)** Iarrtar ar an FTG páirt a ghlacadh i líonra múinteoirí ó chnuasach scoileanna den tsórt sin atá suite sa réigiún céanna léi. Reáchtáiltear **cruinnithe cnuasaigh** um thráthnóna in ionaid oideachais ainmnithe, agus cuirtear forbairt ghairmiúil ar FTGanna, roinneann siad a dtaithí maidir leis an gclár píolótach le múinteoirí as scoileanna eile, agus faigheann siad tacaíocht ón CNIM agus ó chigire atá sannta don chnuasach sin.

**c)** Cuireann an Chigireacht agus an CNIM **tacaíocht ghutháin agus ríomhphoist** leanúnach ar fáil do FTGanna sna scoileanna píolótacha.

**d)** Cuireann **baill foirne agus comhlaigh den CNIM** tacaí breise ar fáil do FTGanna, do phríomhoidí agus do MNCanna. Is meantóirí ag a bhfuil taithí agus/nó éascaitheoirí ceardlann ionduchtúcháin iad na comhlaigh a oibríonn leis an CNIM, a thacaíonn le próiseas Droichead ag an leibhéal áitiúil.

**e)** I gcás deacrachtaí gairmiúla a bheith ag MNC i scoil phíolótach tá CNIM in ann tacaí breise a chur ar fáil. Sa chás go bhfuil an FTG fós imníoch, tar éis tacaí breise den tsórt sin a bheith curtha ar fáil, faoina dhearbhú gur críochnaíodh Droichead ar bhealach sásúil, féadfaidh an príomhoide cúnamh ón **gCigireacht** a iarraidh trí Fhoirm DR2OCI a chomhlánú. Is féidir an fhoirm sin a iarraidh ó Ionad Oideachais Luimnigh trí ríomhphost a chur chuig probation@lec.ie.

I gcásanna den sórt sin, déanann an Chigireacht meastóireacht ar obair an MNC a agus cuireann sí moladh faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta (féach Cuid 11).

**f)** Tá sparánachtaí ar fáil i leith rannpháirteachas na scoileanna píolótacha i dtionscadal taighde agus is féidir iad a chaitheamh ar ghníomhaíocht ar bith a ghineann fianaise taighde le cur leis an gcruth deiridh den tsamhail ionduchtúcháin agus promhaidh. Tiocfaidh deireadh leis an maoiniú nuair a chuirtear an clár píolótach i gcrích.

**g)** Tá sparánacht taighde €1,000 ar fáil ón gComhairle Mhúinteoireachta do gach scoil a ghlacann páirt sa chlár píolótach chun tacú lena ról sa snáithe taighde le linn gach bliana den chlár píolótach. Tá sé seo bunaithe ar rannpháirtíocht uasta mheasta de 300 scoil sa chlár píolótach (200 ag leibhéal na bunscoile agus 100 ag leibhéal na hiarbhunscoile).

## 13.2 Conas is féidir an sparánacht taighde a úsáid?

Tá sparánachtaí ar fáil i leith rannpháirteachas na scoileanna píolótacha i dtionscadal taighde agus is féidir iad a chaitheamh ar ghníomhaíocht ar bith a ghineann fianaise taighde le cur leis an gcruth deiridh den tsamhail ionduchtúcháin agus promhaidh. Tiocfaidh deireadh leis an maoiniú nuair a chuirtear an clár píolótach i gcrích.

## 13.3 An gcuirtear tráth scaoilte ar fáil do scoileanna?

Cuirtear. Baineann scoileanna píolótacha leas as tráth scaoilte chun rannpháirteachas na MNCanna agus FTGanna in Droichead a éascú. Tá sé faoi rogha na scoileanna a chinneadh conas is fearr an t-am seo a leithroinnt ar bhaill aonair FTG agus ar an MNC

Tarlaíonn forbairt ghairmiúil bhreise ar líne agus tarlaíonn sí lasmuigh den am teagmhála díreach.

## 13.4 Cén tacaíocht scoilbhunaithe a chuirfidh an CNIM ar fáil?

Tabharfaidh an CNIM duine dá bhaill foirne, i.e., Oifigigh Forbartha Réigiúnacha agus/nó comhlaigh do gach scoil i gclár píolótach Droichead chun tacú leis an scoil tríd an bpróiseas. Beidh siad ar fáil chun cuairt a thabhairt ar scoileanna chun tacaíocht, treoir agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le próiseas Droichead. Cuireann siad leibhéal suntasach de thacaíocht sheachtrach agus d'athdheimhniú seachtrach ar fáil do phríomhoidí agus do bhaill FTG, go háirithe i gcásanna deacrachtaí gairmiúla a bheith ag MNC.

Is é is Oifigeach Forbartha Réigiúnach den CNIM múinteoir ar iasacht a oibríonn leis an CNIM go lánaimseartha.

Is é is comhlach den CNIM múinteoir cleachtach, ag a bhfuil taithí freisin mar mheantóir agus/nó éascaitheoir ceardlann ionduchtúcháin atá ainmnithe ag an CNIM chun tacú le próiseas Droichead i scoileanna píolótacha.

# 14 Cnuasaigh

## 14.1 Cad is cuspóir do na cruinnithe cnuasaigh?

Tugann cruinnithe cnuasaigh deis do FTGanna oiliúint ghairmiúil a fháil ón CNIM, a dtaithí le Droichead a roinnt le múinteoirí as scoileanna eile, agus tacaíocht a fháil ón CNIM agus ó chigire atá sannta don chnuasach sin. Bíonn na cruinnithe thar a bheith luachmhar i gcás FTGanna atá comhdhéanta de mhúinteoirí as níos mó ná scoil amháin agus i gcásanna ina bhfuil moladh á dhéanamh ag ball seachtrach FTG (féach Cuid 9). Is deis úsáideach iad chomh maith chun a chinntiú go mbíonn cur chuige comhleanúnach ag FTGanna a chuireann moladh faoi bhráid na Comhairle.

## 14.2 Cá mbíonn cruinnithe cnuasaigh ar siúl?

Déantar cruinnithe cnuasaigh a eagrú go hiondúil in Ionaid Oideachais ainmnithe i gcontaetha píolótacha.

## 14.3 Cathain a bhíonn cruinnithe cnuasaigh ar siúl?

Beidh na cruinnithe cnuasaigh ar siúl um thráthnóna, trí huaire i rith na scoilbhliana.

## 14.4 Cé hiad na daoine a fhéadfaidh freastal ar chruinnithe cnuasaigh?

Féadfaidh gach múinteoir ar ball FTGanna iad, agus MNCanna freastal ar na cruinnithe cnuasaigh. Tugtar aitheantas do na MNCanna a fhreastalaíonn ar gach cruinniú cnuasaigh chun críche riachtanas an Chláir Ionduchtúcháin a chomhlíonadh.

## 14.5 Cén duine atá mar chathaoirleach ar na cruinnithe cnuasaigh?

Is é Stiúrthóir an Ionaid Oideachais nó an CNIM atá mar chathaoirleach ar na cruinnithe cnuasaigh.

Cuireann comhlaigh CNIM leibhéal suntasach de thacaíocht sheachtrach agus d'athdheimhniú seachtrach ar fáil do phríomhoidí agus baill FTG.



# 15 Droichead: Na chéad chéimeanna

## Is iad seo a leanas na chéad chéimeanna atá le glacadh ag scoileanna píolótacha:

- Déanann an scoil iarratas chuig an CNIM chun páirt a ghlacadh sa chlár píolótach trí úsáid a bhaint as an bhFoirm chun Clárú mar Scoil Droichead atá ar fáil ó www.teacherinduction.ie agus www.teachingcouncil.ie. Is féidir an fhoirm a chóipeáil as Aguisín B chomh maith.
- Fanann an scoil le dearbhú a fháil go mbeidh sí páirteach sa chlár píolótach.
- Nuair a dhearbhaíonn an CNIM, thar ceann na Comhairle, go mbeidh an scoil páirteach, ainmneoidh an príomhoide an FTG agus déanfar ról gach baill den FTG a shoiléiriú. Cuireann an CNIM sceideal le dátaí ar fáil d'fhorbairt ghairmiúil Droichead ina mbeidh sé riachtanach do bhaill FTG freastal uirthi.
- Cláraíonn an MNC le hIonad Oideachais Luimnigh trí Fhoirm DR1 a chomhlánú. Tá an fhoirm sin ar fáil ar líne ar www.lec.ie.
- Faigheann an MNC ríomhphost dearbhaithe ó Ionad Oideachais Luimnigh (agus ba chóir cóip den ríomhphost seo a choinneáil, toisc gur gá é a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ag deireadh an phróisis, in éineacht le Foirm A chomhlánaithe).
- Sula dtosaíonn an próiseas, ba chóir don FTG a chinntiú go bhfuil an MNC cláraithe do phróiseas Droichead. Ba chóir é seo a dhéanamh trí chóip den ríomhphost dearbhaithe a iarraidh ó Ionad Oideachais Luimnigh. **Ní féidir le tús a chur le próiseas Droichead go dtí go bhfuil sé seo déanta.**
- Ba chóir don MNC cruinniú a lorg, atá eagraithe ag an bpríomhoide lena FTG a luaithe agus is féidir. Is é atá i gceist leis so ná comhrá gairmiúil leis an MNC agus an FTG, ina leagtar amach róil agus freagrachtaí agus achoimre de phlean dá bhfuil i gceist le próiseas Droichead. San achoimre den phlean leagtar amach cé chomh minic is a bheidh na breathnóireachtaí den chleachtadh agus de na comhráite gairmiúla. Chomh maith leis sin beidh amlínte táscacha le moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta, ag féachaint do thréimhse ama fhostú na MNCanna sa scoil.
- Cuirtear tús leis an bpróiseas a bhaineann le meantóireacht agus tacaíocht scoilbhunaithe ansin.

# Aguisín A

## Sampla d'**Fhoirm A** chun críocha forbartha gairmiúla FTG.

**Níor chóir ach Foirm A atá ar fáil ó shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta.**

| An Chomhairle Mhúinteoireachta<br>The Teaching Council<br><br>**2015/16** | **FOIRM A – DROICHEAD**<br>**FÓGRA GUR COMHLÍONADH COINNÍOLL DROICHEAD**<br><br>**MÚINTEOIRÍ NUACHÁILITHE BUNSCOILE AGUS IARBHUNSCOILE (MNCanna)** |
|---|---|

### Réamhrá

Déantar múinteoirí nach gcomhlíonann na riachtanais uile a bhfuil gá leo chun bheith cláraithe go hiomlán a chlárú faoi réir coinníollacha. Is é ceann amháin de na coinníollacha sin gur gá eispéireas Droichead a thabhairt chun críche go sásúil laistigh de thrí bliana ón dáta ar a ndéantar múinteoir a chlárú go coinníollach.[1] Ní foláir do mhúinteoir nua na nithe seo a leanas a dhéanamh chun coinníoll Droichead a chomhlíonadh:

**(a)** páirt a ghlacadh i bpróiseas ionduchtúcháin scoilbhunaithe

**(b)** tar éis an próiseas sin a chríochnú, dearbhú a fháil ó chomhghairmí (comhghairmithe) ag a bhfuil taithí gur chomhlíon sé nó sí na critéir shásúla áirithe, agus

**(c)** íostréimhse nó íostréimhsí de chleachtadh gairmiúil iarcháilithe a thabhairt chun críche.

Nuair is féidir a léiriú, ar bhonn dearbhuithe ón bpearsanra iomchuí, gur comhlíonadh na coinníollacha uile a bhaineann le clárú iomlán, measfaidh an Chomhairle go bhfuil promhadh an mhúinteora thart agus déanfar an múinteoir a chlárú go hiomlán.

SAMPLA

### Treoracha maidir leis an bhfoirm seo a chomhlánú

Is san fhoirm seo a chuirtear fianaise ar fáil don Chomhairle gur comhlíonadh an dá riachtanas a bhaineann le Droichead (mar atá leagtha amach in (a), (b) agus (c) thuas).

Féadfar an fhoirm a chomhlánú i leith scoileanna atá aitheanta ag an Stát (nó Ionaid Oideachais ina múintear ábhair churaclaim iarbhunscoile do dhaoine lena n-ullmhú do scrúduithe Stáit) má mheastar go bhfuil an múinteoir tar éis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- íostréimhse de chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a thabhairt chun críche[2]
- páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí ionduchtúcháin scoilbhunaithe, arna mbunú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ar bhealach gairmiúil
- a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí don teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin
- a léiriú go féidir leis nó léi oibriú go neamhspleách mar mhúinteoir cáilithe atá cláraithe go hiomlán.

Ba chóir do MNCanna an fhoirm seo a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta nuair a bheidh próiseas Droichead, lena n-áirítear íostréimhsí de chleachtadh gairmiúil, tugtha chun críche acu.

Ba chóir do MNCanna cóip den ríomhphost ó Ionad Oideachais Luimnigh ina ndearbhaítear go bhfuil sé nó sí cláraithe le haghaidh Droichead a chur i gceangal leis an bhfoirm.

1 I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh chun na Comhairle go gcuirfear síneadh ama leis an tréimhse trí bliana.

2 I gcásanna ina ndearnadh an tréimhse cleachtaidh ghairmiúil i níos mó ná aon scoil amháin is féidir tréimhsí a rinneadh i scoileanna éagsúla a chomhbhailiú chun an riachtanas cleachtaidh iomlán a chomhlíonadh. I gcásanna den tsórt sin, ba chóir don don MNC a chinntiú go ndéanfaidh príomhoide gach scoile na codanna iomchuí i gCuid D den fhoirm a chomhlánú agus a shíniú.

## CUID A

### Dearbhú Ó Mhúinteoir Nuacháilithe (Mnc) Gur Ghlac Sé Nó Sí Páirt In *Droichead* I Scoileanna Píolótacha

(Le comhlánú ag an MNC)

| | | |
|---|---|---|
| **Ainm an MNC** | **Uimhir Chlárúcháin** | |
| **Seoladh** | **Uimhir Ghutháin** | |
| | **Seoladh Ríomhphoist** | |
| **Ainm Foirmiúil na Scoile** (ina ndearnadh próiseas *Droichead*) | | |
| **Uimhir Rolla** | ☐ **Bunscoil** | ☐ **Iarbhunscoil** |
| **Seoladh Scoile** | | |

**Fad an Chleachtaidh Ghairmiúil i Scoil Phíolótach Droichead** (cuir isteach na dátaí sonracha, e.g., 1/9/2015 go 30/6/2016)

**Ó:** ___________________ **Go:** ___________________
Ná hiardhátaigh, le do thoil

**Tá an clár Ionduchtúcháin tugtha chun críche agam** ☐ **Tá** ☐ **Níl**

### BUNSCOIL AMHÁIN

**Líon iomlán laethanta de chleachtadh gairmiúil**

**Suíomh**

☐ príomhshruth ☐ scoil speisialta nó scoil ospidéil ☐ rang speisialta i scoil phríomhshrutha
☐ múinteoir acmhainne lánaimseartha (íosmhinicíochta)

### IARBHUNSCOIL AMHÁIN

**Líon iomlán uaireanta de chleachtadh gairmiúil**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ábha(i)r a Múineadh** | ÁBHAR/RÉIMSE_1 | ÁBHAR/RÉIMSE_2 | ÁBHAR/RÉIMSE_3 | ÁBHAR/RÉIMSE_4 |
| **Líon iomlán uaireanta an chloig de de theagasc don ábhar seo le linn na tréimhse sonraithe** | | | | |

**Dearbhaím gur ghlac mé páirt i ngníomhaíochtaí ionduchtúcháin scoilbhunaithe (arna gcomhordú ag CNIM) agus go ndearna comhghleacaí (comhghleacaithe) ag a bhfuil taithí breathnóireacht ar mo chuid múinteoireachta mar chuid den phróiseas sin.**

**Síniú an MNC** ______________________________ **Dáta** ____________________

SAMPLA

## CUID B
### Dearbhú ón bPríomhoide agus ón Meantóir

**Dearbhaím/Dearbhaímid go bhfuil na sonraí a thugtar thuas ceart agus cruinn, agus gur rinne an MNC atá ainmnithe thuas:**

- **íostréimhse de chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a thabhairt chun críche**
- **páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí ionduchtúcháin scoilbhunaithe, arna mbunú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ar bhealach gairmiúil**

| | Ainm (neacha) | Síniú (Sínithe) | Uimhir Chlárúcháin | Dáta |
|---|---|---|---|---|
| **Príomhoide** | | | | |
| **Meantóir** | | | | |

## CUID C
### Moladh faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta

**Dearbhaím/Dearbhaímid gur éirigh leis an MNC atá ainmnithe i gCuid A:**

- **a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí don teagasc agus don fhoghlaim ardchaighdeáin**
- **a léiriú gur féidir leis nó léi oibriú go neamhspleách mar mhúinteoir cáilithe atá cláraithe go hiomlán**

| | | Cuir tic isteach de réir mar is cuí Rogha 1 nó 2, |
|---|---|---|
| Rogha 1 **Teoranta** | **Dá bhrí sin, is féidir liom/ linn a mholadh go ndéantar <u>Droichead teoranta</u> a nótáil ar chlárú an mhúinteora seo, faoi réir na tréimhse de chleachtadh gairmiúil atá fágtha agus atá ceangailte ag an gComhairle Mhúinteoireachta a bheith tugtha chun críche.** | |
| **nó** | | |
| Rogha 2 Príomhshruth | **Dá bhrí sin, is féidir liom/ linn a mholadh go ndéantar <u>Coinníoll Droichead a bhaint</u> de chlárú an mhúinteora seo, faoi réir na tréimhse de chleachtadh gairmiúil atá fágtha agus atá ceangailte ag an gComhairle Mhúinteoireachta a bheith tugtha chun críche.** | |

| **RÓL** (e.g. príomhoide, ball seachtrach FTG, ball eile FTG) | Ainm(neacha) | Síniú (Sínithe) | Uimhir Chlárúcháin | Dáta |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

| Ainm Na Scoile | Stampa Oifigiúil na Scoile |
|---|---|
| | Cuir Stampa Na Scoile Anseo |

SAMPLA

# CUID D
## Taifead ar chleachtadh gairmiúil i scoileanna eile

**Comhlánaigh a mhéad cóipeanna den fhoirm thíos is a bhaineann le do chás féin, le do thoil**

**Fad an Chleachtaidh Ghairmiúil** (cuir dátaí cruinne ar fáil, e.g., 1/9/2015 go 30/6/2016)

**Ó:** ____________________ **Go:** ____________________ Ná hiardhátaigh

**Ainm Foirmiúil na Scoile**
(ina ndearnadh próiseas Droichead)

| **Uimhir Rolla** | ☐ **Bunscoil** | ☐ **Iarbhunscoil** |
|---|---|---|

**Seoladh Na Scoile**

### BUNSCOIL AMHÁIN

**Líon iomlán laethanta de chleachtadh gairmiúil**

**Suíomh**

☐ príomhshruth ☐ scoil speisialta nó scoil ospidéal ☐ rang speisialta i scoil phríomhshrutha
☐ múinteoir acmhainne lánaimseartha (iosmhiniciochta )

### IARBHUNSCOIL AMHÁIN

**Líon iomlán uaireanta de chleachtadh gairmiúil**

**Suíomh**
☐ iarbhunscoil ☐ scoil speisialta ☐ ionad oideachais

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ábha(i)r a múineadh** | ÁBHAR/RÉIMSE_1 | ÁBHAR/RÉIMSE_2 | ÁBHAR/RÉIMSE_3 | ÁBHAR/RÉIMSE_4 |
| **Líon iomlán uaireanta an chloig de theagasc don ábhar seo le linn na tréimhse sonraithe** | | | | |

| **Síniú An Phríomhoide** | **Dáta** |
|---|---|

**Stampa Oifgiúil Na Scoile**

Cuir Stampa Na Scoile Anseo

SAMPLA

Nuair a bheidh próiseas Droichead, lena n-áirítear íostréimhsí de chleachtadh gairmiúil, tugtha chun críche ag MNCanna, ba chóir dóibh an fhoirm seo a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

NIPT

# Aguisín B

## Clárú mar Scoil Droichead 2015-2016

| Sonraí na Scoile | | |
|---|---|---|
| **Uimhir Rolla** | | |
| **Ainm na Scoile** | | |
| **Earnáil** *(cuir tic de réir mar is infheidhme)* | ☐ **Bunscoil** | ☐ **Iarbhunscoil** |
| **Seoladh na Scoile** | | |
| **Uimhir Ghutháin na Scoile** | | |
| **Líon Múinteoirí sa Scoil** | | |
| **Ainm an Phríomhoide** | | |
| **Uimhir Fóin Phóca** | | |
| Dhá sheoladh ríomhphoist chuig a seolfar an comhfhreagras uile a bhaineann le Droichead* | **R-phost 1** | |
| | **R-phost 2** | |

| Oiliúint Tosaigh Meantóirí (OTM) | | |
|---|---|---|
| **Ainm(neacha) an mheatnóra/ na meantóirí oilte** (más infheidhme | **Oilte ag an CNIM** Cuir tic más infheidhme | **Oilte ag UCD** Cuir tic más infheidhme |
| | | |
| | | |
| | | |

| Líon MNCanna | |
|---|---|
| **2014-2015** | |
| **2015-2016** *(líon ionchais)* | |

* Déanfar gach comhfhreagras a bhaineann le *Droichead* a sheoladh ar ríomhphost – an aidhm a bhaineann le dhá sheoladh ríomhphoist éagsúla a chur ar fáil ná chun a chinntiú go bhfaigheann an scoil gach píosa cumarsáide ábhartha. Má tá aon cheist eile agat, cuir ríomhphost chuig: **droichead@teacherinduction.ie**

**Síniú an Phríomhoide**______________________________ **Dáta** _______________

**Cuir an fhoirm chomhlánaithe ar ais chuig:**

Angie Grogan, Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar, Seanbhóthar Bhaile Coimín, Tamhlacht, BÁC 24

**D'Oifig an CNIM Amháin**

**Dáta a fuarthas an tIarratas** _______________

# Aguisín C

## Liosta gníomhaíochtaí ionduchtúcháin

### Comhráite Gairmiúla

- Meantóir/MNC
- FTG/MNC
- MNC/Múinteoir RSO
- MNC/Múinteoir Tacaíochta Teanga/Múinteoir Teagmhála Baile is Scoile/Ceannasaithe Rannóige/Saineolaithe ábhair.

### Breathnóireacht agus Plé

- Déanann MNC breathnóireacht ar ábhair/ceachtanna/straitéis ar leith i ranganna eile
- Déanann MNC breathnóireacht ar rang atá sa raon céanna/den chineál céanna lena rang
- Déanann MNC breathnóireacht ar rang atá ag an gcéad leibhéal eile de rang an MNC
- Déanann MNC breathnóireacht ar mhúinteoir eile ag múineadh a ranga
- Déanann ball FTG breathnóireacht ar MNC ag múineadh
- Scríobhann MNC ceacht amach agus déanann sé nó sí breathnóireacht ar mhúinteoir eile a chuireann é ar fáil do rang an MNC
- Déanann MNC breathnóireacht ar mhúinteoirí ag múineadh i scoil eile

### Samhaltú agus Cóitseáil i modheolaíochtaí/cláir/straitéisí ar leith

- Déanann ball FTG samhaltú de cheacht/straitéis don MNC
- Déanann múinteoirí eile samhaltú de cheachtanna/straitéisí don MNC
- Tugann múinteoir eile léiriú de cheacht (nach bhfuil bunaithe sa rang, e.g., conair dhúlra/mhata)

### Comhtheagasc

- Comhtheagascann MNC le ball FTG/múinteoir eile i rang an MNC
- Comhtheagascann MNC le ball FTG/múinteoir eile i rang eile
- Oibríonn ball den Fhoireann Tacaíochta Oideachais Speisialta leis an MNC i seomra ranga an MNC

### Léitheoireacht Ghairmiúil agus Taighde

- Léitheoireacht ghairmiúil ar ábhair aitheanta

### Fobairt Acmhainní agus Taighde

- Seisiúin eolais ar acmhainní
- Seisiúin eolais TFC
- Acmhainní á n-aimsiú

### Machnamh

- Machnamh aonair
- Cómhachnamh
- Forbairt punainne um fhorbairt ghairmiúil

# Aguisín D

## Pointí Tábhachtacha Eolais i ndáil le Droichead

**1**

Cuireann Droichead creat **tacaíochta** ar fáil le haghaidh cur chuige scoile uile', chun **fáilte** a chur roimh mhúinteoirí nuacháilithe isteach sa ghairm is tábhachtaí sa tsochaí.

**2**

Tugann Droichead **deis** do mhúinteoirí mar ghairmithe dul i bhfeidhm ar an bpolasaí oideachais a bhaineann leosan agus lena gcomhghleacaithe go díreach. Tá athruithe suntasacha déanta ag an gComhairle ar an bpróiseas mar thoradh ar aiseolas a fuarthas ó scoileanna rannpháirtithe, agus leanfar ar aghaidh ag éisteacht le guthanna na ngairmithe uile atá páirteach ann.

**3**

Mar aitheantas go bhfuil múinteoir nua-cháilithe, díríonn an próiseas *Droichead* ar **dhul chun cinn** fhoghlaim mhúinteora, seachas foirfeacht.

**4**

**Tugtar clár foghlama gairmiúil** do scoileanna a ghlacann páirt in *Droichead*, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil tráth scaoilte, lasmuigh de láthair na scoile, ar líne agus i láthair na scoile, chomh maith le rochtain ar thacaíocht leanúnach ó Chomhalta *Droichead* (CNIM). Tá sparánacht taighde de luach €1,000 ar fáil go dtí samhradh 2016 freisin.

**5**

Áirítear ar **Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla** (FTG) an príomhoide, meantóir agus baill foirne eile.

**6**

Tá **Meantóireacht agus Comhráite Gairmiúla** ag croílar phróiseas Droichead, lena mbaineann tacaíocht, dúshláin agus fís chomhroinnte den mhúinteoireacht don ghairm agus i ngach comhthéacs scoile freisin**.**

**7**

Baineann an FTG úsáid as **Critéir Droichead** agus *Táscairí Dea-chleachtais* leis an bpróiseas a threorú. Déantar samplaí de chomhthéacs scoileanna a shainaithint le haistriú na gcritéar sin go réadúlacht an tsaoil scoile a chumasú.

**8**

Le linn na scoilbhliana 2014/2015, bhí 149 scoil páirteach in *Droichead*, le 279 múinteoirí nuacháilithe. Tá an próiseas á mhúnlú leis an **aiseolas** a fuarthas ó na scoileanna sin, ón **taighde** atá á dhéanamh ag an ITES, agus ar bhonn leanúnach de réir mar a chuirtear faisnéis in iúl tríd an CNIM.

**9**

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh *gach* cineál scoile páirteach i dtionchar a imirt ar an bpróiseas seo sa dóigh is go mbeidh athchóiriú polasaí **á fhorbairt** agus **á fhoirmiú** ag gairm na múinteoireachta agus, an ní is tábhachtaí, go mbeidh sé **faoi úinéireacht** na gairme

**10**

Más mian le scoil go mbeadh **ball seachtrach ar an FTG** (i.e. múinteoir ó scoil eile), tá painéal ag an CNIM de bhaill oilte FTG.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campus Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Íosghlao 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901
R-phost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council